Imleabhar 10, eagrán 4. Nollaig 2008

# Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna

COURTS SERVICE
An tSeirbhís Chúirteanna

NUACHT NA SEIRBHÍSE CÚIRTEANNA

www.courts.ie



AN TSEIRBHÍS CHÚIRTEANNA 10 MBLIANA AR AN BHFÓD

ATHBHREITHNIÚ AR 2008

TEACHTAIREACHT FÁGÁLA ÓN BPRÍOMH-OIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN

CLÁR AFRACACH CHOLÁISTE NA TRÍONÓIDE

CONAS AIRGEAD A SHÁBHÁIL LE LINN NA NOLLAG

CUAIRTEOIRÍ CHUIG AN TSEIRBHÍS CHÚIRTEANNA



















# CLÁR ÁBHAR


**GNÉ-AILT RIALTA**

Focal Fáilte 3

Cleachtas agus Nósanna Imeachta 6

Scéalta Báis 30

Ceapacháin 31

Cúrsaí Scoir 32

Léirmheas Leabhair 36

As an Oifig 38

Tráth na gCeist 39

Tríd an lionsa 40

**GNÉ-AILT**

Teachtaireacht na Nollag ón bPríomh-Bhreitheamh 4

Teachtaireacht Fágála ón bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin 5

Clár Afracach Choláiste na Tríonóide 14

Cuairteoirí chuig an tSeirbhís Chúirteanna 16

Athbhreithniú ar 2008 18

An tSeirbhís Chúirteanna Deich mBliana ar an bhFód 24

Conas airgead a shábháil go simplí 28

**NUACHT**

An Ard-Chúirt lasmuigh de Bhaile Átha Cliath 7

Torthaí ar Shuirbhé Seirbhíse Custaiméara 8

Cruinnithe na nGrúpaí Úsáideoirí Cúirte 9

Athbhreithniú agus Atheagrú ar Oifigí na Cúirte Dúiche 10

Córas Cuntasaíochta na gCúirteanna 12

Láithreán Gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna 13

An scéal is déanaí maidir le Taifeadadh Digiteach Fuaime a rolladh amach 15

Athruithe ar Bhord na Seirbhíse Cúirteanna 22

Níos mó ná 'cúpla focal' ag an bhfoireann 23

An tSeachtain Eorpach um Shláinte agus Shábháilteacht 29

**SÓISIALTA**

Aifreann Bliantúil 27

Dúshlán Route 66 35

Cumann Gailf 35




# Fáilte

Fáilte go heagrán na Nollag de Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna. Táimid ag dul siar ar bhóithre na smaointe an uair seo agus muid ag caitheamh súil siar, ní hamháin ar 2008 ar leathanaigh *18-21*, ach ar 10 mbliana den tSeirbhís Chúirteanna ar leathanaigh *24-26*. Is deacair a chreidiúint go bhfuilimid deich mbliana ar an bhfód. Foilsímid teachtaireacht fágála ón bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin PJ Fitzpatrick a bhí i gceannas ón tús ar fad agus teachtaireacht ón bPríomh-Bhreitheamh a mheabhraíonn dúinn an tionchar a bhí ag an bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin ar ár n-eagraíocht nua.

Léiríonn an súil siar a chaithimid ar 2008 an feabhas leanúnach atá ar an tseirbhís a fhaigheann úsáideoirí cúirte trí fhorbairtí foirgníochta agus TFC chomh maith le hathruithe oibríochtúla cosúil le suíonna na hArd-Chúirte lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Is ionann é seo agus an t-athbhreithniú ar ár gcéad 10 mbliana a léiríonn deich mbliana d'athchóiriú ollmhór: idir athchóiriú struchtúrtha, dlíthiúil agus riaracháin. Tá sé soiléir ó theachtaireacht an Phríomh-Oifigigh Feidhmiúcháin agus na hathbhreithnithe nach bhféadfadh an dul chun cinn seo tarlú gan tiomantas, díograis agus rannpháirtíocht na foirne ar fad mórthimpeall na tíre.

D'fhágamar slán le baill shinsearacha áirithe as an gCúirt Dúiche i mbliana. Is féidir leat na nótaí ómóis óna gcomhghleacaithe a léamh ar leathanaigh *32-34*. Rinneamar neart cairde nua freisin - mar a fheicfidh tú in 'Tríd an Lionsa' agus san alt ar an gclár for-rochtana ar leathanach *16*.

Tá tuairisc againn faoi fhoilseacháin áirithe le déanaí - go háirithe Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh a leanann ag soláthar faisnéise faoi chásanna os comhair cúirteanna an dlí teaghlaigh. Ag féachaint chun cinn ar 2009, tugann Gerry Curran roinnt moltaí faoi conas dul i ngleic leis an gcúlú eacnamaíochta agus spraoi a bheith agat ag an am céanna. Ach os rud é go bhfuilimid fós in 2008 coinnímid le téama na cuimhní cinn le tráth na gceist na Nollag ar leathanach *39* agus smaointe faoi leabhair ar leathanaigh *36* agus *37*.

Gabhann foireann Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna buíochas le gach duine a bhí rannpháirteach leis an irisleabhar i rith na bliana. Táimid buíoch dóibh siúd a bhí i dteagmháil linn le smaointe, le tuairimí agus le moltaí. Gabhaimid buíochas ar leith le daoine a scríobh ailt agus gné-ailt dúinn. Ba bheag le rá ár bhfoilseachán murach ár gcuid rannpháirtithe go léir.

Guímid Nollaig shíochánta ar ár léitheoirí ar fad agus dea-shláinte agus sonas in 2009.



COURTS SERVICE
An tSeirbhís Chúirteanna

Is í **Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna** irisleabhar na Seirbhíse Cúirteanna. Faightear ábhar óna lán daoine éagsúla agus ní gá go mbeadh a dtuairimí ar aon dul le dearcadh ná le beartais na Seirbhíse Cúirteanna. Coinníonn na heagarthóirí an ceart eagarthóireacht a dhéanamh ar gach ábhar, lena n-áirítear litreacha.

**Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna**
**An Oifig Faisnéise,**
15-24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh,
Margadh na Feirme,
Baile Átha Cliath 7.
**Teileafón:** (01) 888 6459,
**Facs:** 01 873 5250
**Ríomhphost:**
courtsservicenews@courts.ie
**Gréasán:**
http://www.courts.ie

**An Fhoireann Eagarthóireachta:** Helen Priestley, Fiona Farrell, Dympna Healy-Clarke, Gerry Curran, Luke O'Neill
**Clóbhualadh:** Brunswick Press Ltd.,
Aonad B2
Eastát Tionsclaíoch an Chloigín Ghoirm,
Baile Átha Cliath 12.

**Dearadh:** Design Communication, atá ina chuid den Ashville Media Group,
57/59 Cé Sir John Rogerson
Baile Átha Cliath 2.

design communication

# Teachtaireacht ón bPríomh-Bhreitheamh



De réir mar a thagann deireadh leis an mbliain agus muid ag druidim i dtreo na Nollag, is traidisiún agam é buíochas a ghlacadh ar mo shon féin agus ar son an Bhoird le pearsanra uile na Seirbhíse Cúirteanna as an obair atá déanta acu agus as a dtiomantas i rith na bliana. Níor mhaith liom go gceapfaí díreach mar gheall gur traidisiún é buíochas a ghlacadh go bhfuiltear ag déanamh beag is fiú in aon bhealach don bhuíochas mór i ndáiríre atá ag an mBord do rannpháirtíocht an lucht pearsanra ar fad sna cúirteanna agus mórthimpeall na tíre - maidir leis an méid atá bainte amach ag an tSeirbhís Chúirteanna ó thús ama a choinneáil ag imeacht, agus an dul chun cinn atá déanta i rith na bliana. Tá ard-chlú bainte amach ag an tSeirbhís Chúirteanna as an rathúlacht sin agus go deimhin gradam i measc comhlachtaí na seirbhíse poiblí agus sa phobal tríd is tríd. Ní fhéadfaí é seo a dhéanamh murach gairmiúlacht agus tiomantas áirithe na pearsanra gach bliain as a chéile. Sin é an fáth go bhfuil sé oiriúnach go gcuirfinn mo bhuíochas in iúl don Bhord ag an tráth seo.

Is cóir dúinn ár mbuíochas a ghabháil freisin leis na gníomhaireachtaí agus leis na comhlachtaí gairmiúla ar fad, agus lenár mbaill, a chomhoibrigh agus a bhí rannpháirteach in obair na Seirbhíse Cúirteanna i rith na bliana.

Guím Nollaig faoi shíochán agus faoi shonas oraibh go léir.

Ag tagairt don méid ar fad atá bainte amach ag an tSeirbhís Chúirteanna agus don fhorbairt mar chomhlacht go dtí seo atá tar éis an tacaíocht atá ar fáil do na breithiúna a fheabhsú go mór agus na seirbhísí a thugann siad d'úsáideoirí cúirte, tuataí agus daoine gairmiúla araon, ní féidir liom a leithéid a dhéanamh gan tagairt don ról lárnach a bhí ag ár bPríomhfheidhmeannach, an tUasal PJ Fitzpatrick le linn na mblianta sin.

Ag deireadh na míosa, tabharfaidh an tUasal Fitzpatrick téarma a dhara chonartha mar Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin chun críche agus na dualgais á thabhairt dá chomharba, a bhí fós le ceapadh nuair a scríobhadh é seo. Níl dóthain spáis sa teachtaireacht ghearr seo leis an tionchar a bhí ag an Uasal Fitzpatrick ar fhoirmiú agus ar fhorbairt na Seirbhíse Cúirteanna a insint i gceart. Is féidir a rá ar aon nós gurbh é a chríonnacht agus a shaineolas a thug an tSeirbhís Chúirteanna chuig an áit ina bhfuil sí inniu - sampla iontach sármhaitheasa sa riarachán poiblí. Tá líon na bhfoirgneamh cúirte nua mar fhianaise ar an rath seo - cinn atá athchóirithe go haoibhinn chomh maith le tionscadail reatha, mar aon le raon na seirbhísí nua agus na seirbhísí feabhsaithe atá curtha ar fáil.

Níl fágtha agam le déanamh, ní hamháin ar mo shon féin agus ar son an Bhoird, agus táim cinnte ar son phearsanra uile na Seirbhíse Cúirteanna, ach gach rath a guí air sa todhchaí agus ár mbuíochas a chur in iúl dó as na deich mbliana den dul chun cinn leanúnach agus gan fasach a bhí againn faoina stiúir.

*John L. Murray*
*Príomh-Bhreitheamh na hÉireann*

# Teachtaireacht fágála ón bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin



Beidh mé ag fágáil slán leis an tSeirbhís Chúirteanna go luath tar éis 10 mbliana a bhí an-taitneamhach agus fiúntach. Mar chéad Phríomhfheidhmeannach tugadh deis dom eagraíocht nua a bhunú - deis nach bhfaigheann mórán daoine. Gabhaim buíochas le coiste roghnaithe an Bhoird Eatramhaigh as an deis sin a thabhairt dom. Táim buíoch as an muinín agus as an misneach a bhí ag daoine ionam, go háirithe toisc go ndearna breithimh cinneadh stairiúil a bheith rannpháirteach mar bhaill den Bhord agus ar choistí an Bhoird.

Thug an tacaíocht dhlíthiúil seo mar aon le comhoibriú na mball foirne ar fud na tíre spreagadh dom agus chabhraigh siad leis an tSeirbhís Chúirteanna a fhorbairt go dtí an staid ina bhfuil sí inniu.

Cé gur eagraíocht nua í an tSeirbhís Chúirteanna, tá foireann aici le saibhreas agus doimhneacht taithí atá tiomanta don tseirbhís phoiblí, ionchas agus bua iontach a sholáthraigh an bhunchloch ar a leanaimid ag tógáil. Gabhaim buíochas ó chroí leis an bhfoireann reatha agus leis an bhfoireann atá imithe romhainn. Ní féidir le heagraíocht ar bith forbairt agus maireachtáil gan baill foirne atá tiomanta, spreagtha agus a bhfuil suim acu ina gcuid oibre.

Caithfidh go raibh na hathruithe móra seo deacair ar an bhfoireann, ach tá moladh ag dul dóibh as an mbealach a thug siad faoina bhfreagrachtaí. Ba chúis iontais dom an leibhéal oscailteachta agus toilteanais a léirigh an fhoireann. Rinne rannpháirtíocht agus tacaíocht na foirne don eagraíocht nua mo phost i bhfad níos éasca - tar éis cúpla mí a bhí deacair ar dtús nuair a bhíomar ag bunú eagraíocht aontaithe.

Ní raibh díospóid caidrimh phoiblí nó vóta scaoilte ag leibhéal an Bhoird le deich mbliana anuas - seo léargas ar thiomantas na ball foirne dár gclár athraithe.

Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl don Phríomh-Bhreitheamh agus do Chathaoirleach an Bhoird, An tOnórach an Breitheamh John L. Murray, as a thacaíocht agus a chomhairle iontach i gcónaí. Le deich mbliana anuas, sholáthraigh sé féin agus a réamhtheachtaithe mar aon le baill an Bhoird mórán treorach agus tacaíochta dom a bhí fíor-luachmhar.

Gabhaim buíochas leis na hUachtaráin agus a réamhtheachtaithe, agus gach breitheamh reatha agus atá imithe romhainn sna cúirteanna ar fad as an tacaíocht agus as an gcúnamh ar fad a thug siad dom. Gabhaim buíochas ar leith leis na breithimh agus leis an bhfoireann ar fad a d'oibrigh ar an mBord, ar na coistí agus ar na grúpaí tionscadail.

Mar chathaoirleach ar Ghrúpa Oibre a mhol go mbunófaí an tSeirbhís agus mar iar-chathaoirleach an Bhoird, gabhaim buíochas ar leith leis an Onórach an Breitheamh Denham a chuir mórán iarrachta, ama agus smaointeoireachta isteach i bhforbairt na Seirbhíse Cúirteanna, chomh maith lena cuid oibre mar bhreitheamh ar an gCúirt Uachtarach.

Bhí an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí fíor-thacúil i gcónaí. Gabhaim buíochas leis an Aire, a réamhtheachtaithe agus na hArd-Rúnaithe agus a mball foirne.

Tá mórán buíochais ag dul do ghrúpaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine a úsáideann na cúirteanna ar bhonn rialta - áirítear an Chomhairle Barra, an Dlí-Chumann, an tSeirbhís Ionchúisimh, Oifig an Ard-Aighne, na Gardaí, an tSeirbhís Phríosúin, agus an tSeirbhís Promhaidh agus eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar íospartaigh ina measc. Ní féidir liom smaoineamh ar rud ar bith a bhí leagtha amach againn a dhéanamh, agus ar cuireadh bac nó cosc orainn a dhéanamh. Dar ndóigh, bhí comhchomhairle, cumarsáid, áiteamh agus idirbheartaíocht i gceist, ach d'éirigh linn a raibh pleanáilte againn a dhéanamh ag deireadh an lae. Go minic, de thoradh na cumarsáide agus na comhchomhairle, d'éirigh linn ár bpleananna a chomhlíonadh le socruithe feabhsaithe.

Bhí tacaíocht an Chathaoirligh agus foireann Oifig na nOibreacha Poiblí rí-lárnach chun cur ar a gcumas ár gClár Caipitiúil Tógála a sheachadadh. Is sampla iontach é an comhoibriú le hOifig na nOibreacha Poiblí de chomhpháirtíocht na seirbhíse poiblí agus tá torthaí ár gcomhiarrachtaí le feiceáil ag glúine reatha agus beidh siad le feiceáil ag glúine amach anseo ar fud na tíre.

Gabhaim buíochas ó chroí le gach duine as an gcúnamh, an tacaíocht agus an spreagadh ar fad a thug siad dom, rud a rinne mo phost i bhfad níos éasca le deich mbliana anuas. Tugaim cuimhní cinn iontacha liom agus fágaim le mórbhraistint ghnóthachtála agus sásaimh phearsanta. Níl amhras ar bith orm ach go leanfaidh an tSeirbhís Chúirteanna ag fás agus ag forbairt faoi threoir an Phríomh-Bhreithimh agus baill an Bhoird. Guím an oiread céanna ratha agus sásaimh a bhí agam féin ar mo chomharba. Ní gá a rá go leanfaidh mé dul chun cinn na Seirbhíse le fíorshuim.

Ar deireadh, is mian liom Nollaig shona agus shíochánta a ghuí oraibh agus ar bhur dteaghlaigh agus tá súil agam go mbainfidh sibh gach rud amach atá leagtha amach agaibh do 2009.

*P.J. Fitzpatrick*
*Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin*

## MÉADÚ AR LÍON BREITHIÚNA NA CÚIRTE DÚICHE

Shínigh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí Ordú an 21 Deireadh Fómhair 2008 faoi réir alt 39 d'Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 (Uimh. 39 de 1961), arna leasú ag alt 38 d'Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 1995 do mhéadú ar líon na mbreithiúna sa Chúirt Dúiche atá sannta go buan do Dhúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath ó ocht déag go fiche a haon.

# Suíonna Sibhialta agus Dlí Teaghlaigh Mhuineacháin

Ón 28 Samhain 2008 ar aghaidh, aistreofar suíonna Sibhialta agus Dlí Teaghlaigh Mhuineacháin chuig Teach Cúirte Chluain Eois go dtí go mbíonn an t-athchóiriú ar Chúirt Dúiche Mhuineacháin curtha i gcrích. (an dara Aoine de gach mí seachas tréimhsí saoire) Tabhair ar aird le do thoil go dtagraíonn aistriú na suíonna go Cluain Eois do liostaí Sibhialta agus Dlí Teaghlaigh amháin.

I.R. Uimh. 461 de 2008 An tOrdú Cúirte Dúiche (Dúichí) 2008
I.R. Uimh. 462 de 2008 An tOrdú um Dhúichí agus Cheantair Chúirte Dúiche (Leasú) 2008
I.R. Uimh. 469 de 2008 Rialacha na Cúirte Dúiche (Cúram Leanaí), 2008
I.R. Uimh. 498 de 2008 Rialacha na Cúirte Dúiche (Barántais Binse), 2008
Is féidir sonraí a fháil ar an láithreán gréasáin www.courts.ie

# Breis eolais ar dhlí teaghlaigh

**Tá tuairiscí breise ar imeachtaí sna cúirteanna dlí teaghlaigh ar fáil san eagrán is déanaí d'fhoilseachán na Seirbhíse Cúirteanna *Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh*. Tugann an t-eagrán seo an dara bliain den treoirthionscadal chun críche maidir le cásanna dlí teaghlaigh a thuairisciú mórthimpeall na tíre:**

Go dáta , bhí tuairiscí i *Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh* ar raon éagsúil agus leathan ábhar ó mhórán codanna den tír. Tá tuairiscí san eagrán is déanaí ó Bhaile Átha Cliath, Corcaigh agus Cuairdeanna an Tuaiscirt, Lár Tíre, an Oirthir agus an Oirdheiscirt. Tá leas leanaí ina phríomhthéama fós i mórán tuairiscí le saincheisteanna faoi chaomhnóireacht, choimeád agus rochtain clúdaithe arís agus arís.

Tá Coinbhinsiún na Háige agus ábhar 'fuadach linbh' mar a thugtar air clúdaithe chomh maith. Tá 84 tír tar éis glacadh leis an gCoinbhinsiún seo arb é an phríomhchúram atá leis ná a chinntiú go gcuirtear leanaí a tógadh go héagórach, nó a coinníodh go héagórach, óna dtíortha gnáthchónaithe, ar ais go dtí an tír sin. I gcuid mhaith cásanna a bhaineann leis an gcoinbhinsiún, is tuismitheoir nó caomhnóir coimeádaithe a bhíonn sa "fuadaitheoir" - ní strainséir a bhíonn i gceist. Scrúdaíonn an t-alt seo an chaoi ina dtugann cúirteanna na hÉireann aghaidh ar an ndúshlán seo déileáil le cásanna casta go pras.

Déantar plé ar chásanna cúram leanaí sa Chúirt Dúiche le Finbarr O'Leary ón mBord Comhairleach um Achtanna na Leanaí (CAAB). Sa bhuiséad is déanaí, fógraíodh go bhfuil an Bord le bheith mar chuid d'Oifig an Aire Sláinte agus Leanaí. Bhí tuairisciú ar chásanna cúram leanaí mar ábhar a bhí á bhreithniú ag an CAAB mar chuid dá shainchúram reachtúil roimh an fógra seo.

Beidh suim ag daoine a chomhairlíonn le *Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh* ar bhonn rialta nó a úsáideann é chun rochtain a fháil ar ábhair áirithe in innéacs ábhar (coimeád, rochtain, cothabháil, colscaradh, idirscaradh breithiúnach srl.) atá clúdaithe ón gcéad eagrán in Earrach 2007.




*Tá Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh ar fáil ó Oifig Faisnéise na Seirbhíse Cúirteanna. Déan teagmháil le familylawmatters@courts.ie. Teileafón: 01 8886457 nó 8886460 nó tabhair cuairt ar www.courts.ie.*

# An Ard-Chúirt lasmuigh de Bhaile Átha Cliath - gnó atá ag forbairt



**Go dtí le déanaí, níor shuigh an Ard-Chúirt lasmuigh de Bhaile Átha Cliath ach amháin do chaingne díobhálacha pearsanta agus chun éisteacht le hachomhairc ón gCúirt Chuarda. Le roinnt míonna anuas, chonaic tithe cúirte i mórán contaetha breithimh agus cláraitheoirí na hArd-Chúirte ag teacht chun déileáil le catagóirí dlíthíochta eile nár éisteadh ach amháin i mBaile Átha Cliath roimhe seo. Seo dea-scéal do pháirtithe agus d'fhinnéithe atá anois ábalta freastal ar thithe cúirte áitiúla in ionad taisteal chun na Ceithre Cúirteanna. Insíonn Príomhchláraitheoir na hArd-Chúirte, Kevin O'Neill tuilleadh dúinn faoi seo:**

De bharr easpa infhaighteachta na seomraí cúirte i mBaile Átha Cliath, tá gach cás gan giúiré anois á éisteacht lasmuigh den ardchathair. Ag brath ar thréimhse measta na gcásanna, seoltar iad mar chuid de liosta cásanna atá le héisteacht thar tréimhse coicíse ag beirt bhreithiúna nó, i gcásanna níos faide, chuig teach cúirte laistigh d'achar comaitéarachta de Bhaile Átha Cliath. Go dtí seo in 2008, bhí 670 cás gan giúiré agus 54 cás seansaireachta liostaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath - chomh maith le níos mó ná 100 foriarratas fadálach. Ina theannta sin, le linn an téarma dlíthiúil reatha, éisteadh le hathbhreithniú breithiúnach agus cásanna tearmainn don chéad uair lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, i nDún Dealgan agus Corcaigh faoi seach. Mar sin, cad a chiallaigh sé seo d'achar feithimh na cúirte? Tá an príomhbhuntáiste le feiceáil sa liosta gan giúiré - bhí achar feithimh trí bliana i gceist i mí na Nollag 2007. Seasann an t-achar seo ag trí mhí ar an meán i láthair na huaire. Is é an staid reatha ná gur féidir le cásanna dátaí éisteachta a úsáid sa téarma dlíthiúil dar gcionn. Ó thaobh liostaí chun dátaí a shocrú le déanaí, fuair gach cás a bhí réidh le héisteacht dáta éisteachta. Ina theannta sin, ciallaíonn sé chomh maith go bhfuil cumas breise ann chun cásanna a éisteacht i mBaile Átha Cliath, rud a laghdaigh an liosta athbhreithnithe breithiúnach mar shampla. Tugann sé seo cinnteacht bhreise i dtaca le dátaí éisteachta agus fágann sé go bhfuil an Ard-Chúirt ábalta déileáil leis na dúshláin atá roimh chóras na gcúirteanna i láthair na huaire.

Baineadh na torthaí seo amach trí chomhoibriú dlúth idir breithiúna na hArd-Chúirte agus foireann na Seirbhíse Cúirteanna. Bhí tiomantas na gCláraitheoirí Ard-Chúirte ó thaobh an tionscnamh seo a eagrú agus a fhorghníomhú ar fheabhas ar fad. Caitheadh uaireanta fada ag riaradh an chláir oibre agus úsáideadh lear mór solúbthachta agus samhlaíochta. Éisteadh le cásanna i mbliana i mBaile Átha Troim, Dún Dealgan, an Tulach Mhór, Caisleán an Bharraigh, Gaillimh, Luimneach, an tAonach, Corcaigh agus Trá Lí. Úsáideadh an teach cúirte i mBealach Conglais go rialta do chásanna aonair a bhí níos faide agus sholáthair Baile Átha Fhirdhia, an Nás, an Brú, an Caisleán Nua, Mainistir Fhear Maí agus an Cabhán saoráidí don Ard-Chúirt chomh maith. Táthar fíor-bhuíoch as an gcúnamh atá tugtha ag Cláraitheoirí Contae atá bainteach leis na hionaid seo, chomh maith le gach Bainisteoir Réigiúnach na Seirbhíse Cúirteanna agus Príomhchléirigh agus a mbaill foirne. Is sampla iontach é an próiseas iomlán de chomhoibriú foirne eagraíochtúil agus de chomhsmaointeoireacht laistigh den tSeirbhís Chúirteanna.

*Is féidir le cleachtóirí iarratas a dhéanamh ar Liostaí Gan Ghiúiré nó Seansaireachta chun dátaí a shocrú a thionóltar ag deireadh gach téarma atá le háireamh ag ionaid áirithe, agus bíonn na sonraí le feiceáil ar www.courts.ie.*

# Conas atá ag éirí linn?



## Torthaí ar ár suirbhé Seirbhíse Custaiméara

**Mar chuid d'ullmhúchán an dara Plean Gnímh um Sheirbhís Custaiméirí, tá cinneadh déanta ag an tSeirbhís Chúirteanna seiceáil conas atá ag éirí leo ó thaobh spriocanna an chéad phlean. D'eagraigh Stiúrthóir Oibríochtaí na hArd-Chúirte agus na Cúirte Uachtaraí, Nuala McLoughlin suirbhé gasta ar chuairteoirí chuig oifigí na cúirte, grúpaí úsáideoirí na gcúirteanna, baill na gCumann Barra agus, le cead na mbreithiúna, daoine a bhí ag freastal ar ghiúiréithe, agus ar ndóigh foireann na Seirbhíse Cúirteanna féin. Bhí cúis mhaith aici a bheith sásta leis na torthaí:**

Chun deis a thabhairt do chuairteoirí chuig oifigí na cúirte an tseirbhís a fhaigheann siad a rátáil, d'iarramar ar bhainisteoirí oifige soláthar d'fhoirmeacha priontáilte atá ar fáil a fhágáil amuigh chun deis a thabhairt do dhuine ar bith ár seirbhís a scóráil ó 1 go 5 le 5 mar "ar fheabhas" agus 1 mar "míshásúil". Fuaireamar 97 freagra ar an gceistneoir seo, agus thug tromlach na ndaoine scór de 4 nó 5 a chuireann in iúl go bhfuil oifigí na cúirte inrochtana go héasca, go dtagann uaireanta oscailte le riachtanais na n-úsáideoirí, go bhfuil an fhoireann eolach agus cúirtéiseach, go gcuirtear faisnéis/seirbhís ar fáil ar bhealach tráthúil, go bhfuil dóthain faisnéise ar an láithreán gréasáin agus i bhfoirm bileoga d'úsáideoirí na cúirte agus go sásaíonn saoráidí na cúirte riachtanais na n-úsáideoirí. Chuir tromlach na bhfreagróirí in iúl go raibh dóthain foirmeacha ar an láithreán gréasáin, ach chuir grúpa suntasach in iúl gur theastaigh níos mó uathu, agus dá réir déanfar athbhreithniú ar na cúrsaí seo in 2009.

Sheol fiche a sé grúpa úsáideoirí na ceistneoirí ar ais a chur in iúl in iomláine gur shroich na grúpaí ionchais na n-úsáideoirí, gur tionóladh na cruinnithe ag tréimhsí agus eatraimh a bhí in oiriúint d'úsáideoirí, gur comhairlíodh le húsáideoirí ar thionscnaimh, nuálaíochtaí agus soláthar seirbhísí, agus go dtógann an tSeirbhís Chúirteanna ceisteanna san áireamh a bhíonn ardaithe ag grúpaí úsáideoirí.

Thug seacht déag Cumann Barra freagra ar an suirbhé. Iarradh orthu muid a rátáil ar na ráitis chéanna cosúil le glaoiteoirí chuig na hoifigí, agus bhí na freagraí cosúil lena chéile seachas na torthaí ó chodanna den tír ina bhfuil athchóirithe fós le comhlánú - chuir siad seo in iúl nach raibh na freagróirí chomh sásta le daoine eile ó thaobh saoráidí inár gcúirteanna. Feictear dúinn go bhfuil méadú ar na hionchais toisc obair atá cheana féin déanta i dtithe cúirte mórthimpeall na tíre agus glacaimid leis nuair a chuirfear na hoibreacha atá fágtha i gcrích, go bhfeicfidh na Cumainn Bharra ar fad go dtagann na saoráidí lena gcuid riachtanais. Bhí an ráta freagartha ó ghiúróirí réasúnta íseal, agus b'fhéidir gurbh é an t-am den bhliain a cuireadh amach an suirbhé ba chúis leis sin de bhrí go mbíonn an bhliain dhlíthiúil ag an tráth is cruógaí ar fad i mí Iúil. Mar sin féin, bhí na seacht bhfreagra a aimsíodh fíor-dhearfach, go háirithe maidir le cúnamh na mball foirne, faisnéis úsáideach do ghiúróirí ar an láithreán gréasáin, na saoráidí do ghiúróirí agus línte radhairc agus fuaimíocht i seomraí cúirte.

Bhíomar ag iarraidh a fháil amach go háirithe cé chomh hullmhaithe a airíonn an fhoireann ó thaobh dea-sheirbhís a sholáthar do chustaiméirí. An gcreideann siad go bhfuil an taithí agus oiliúint atá riachtanach acu? An féidir leo rochtain a fháil ar threoirleabhair poist agus lámhleabhair oiliúna atá tiomsaithe? An bhfuil a fhios acu faoin dialann dlí, ar fhaisnéis faoi oifigí, faoi rialacha agus táillí na cúirte atá againn ar an láithreán gréasáin ionas gur féidir leo cleachtóirí a spreagadh agus gur féidir leis an bpobal faisnéis a fháil ar bhonn féinseirbhíse? An bhfuil a fhios acu go bhfuil Plean Gnímh um Sheirbhís Custaiméirí, Cairt Chustaiméirí agus nós imeachta gearán ag an tSeirbhís Chúirteanna? An bhfuil cairt na hoifige áitiúla ar taispeáint go poiblí?

Chun freagraí a fháil ar na ceisteanna seo, d'iarramar ar bhaill foirne iad féin a mheasúnú ó 5 ("aontaím go hiomlán") go 1 ("easaontaím go láidir") sna réimsí ar fad. Dáileadh na ceistneoirí trí ríomhphost le hiarratas go ndéanfaí na freagraí ar fad a sheoladh ar ais roimh dheireadh Iúil. Bhí iontas orainn ar dhá chúis: go raibh ráta freagartha de 20% againn atá ard don chineál seo suirbhé, agus gur aontaigh leibhéal ard de na freagraí leis na ráitis, rud a léiríonn go bhfuil muinín ag an bhfoireann seo againn ina gcuid oiliúna agus sna hacmhainní atá ar fáil dóibh agus go dtuigeann siad cad atáthar ag súil uathu trí sheirbhís do chustaiméirí. Is céim fíor-dhearfach í seo chun bogadh i dtreo an dara Plean Gnímh um Sheirbhís Custaiméirí a fhoilseofar go luath in 2009.

# Seirbhís Custaiméara
# – ag casadh le húsáideoirí cúirte

**Tugann Plean Gnímh um Sheirbhís Custaiméirí na Seirbhíse Cúirteanna tiomantas maidir le cruinnithe struchtúracha a thionól lenár bpríomhchustaiméirí. Déanann bainisteoirí na Seirbhíse Cúirteanna na cruinnithe seo a thionól sna leibhéil dlínsí ar fad mórthimpeall na tíre. San alt seo, tugann Stiúrthóir Oibríochtaí na hArd-Chúirte agus na Cúirte Uachtaraí, Nuala McLoughlin, léargas ar chuid de na cruinnithe a tionóladh i mBaile Átha Cliath ó thús na bliana dlíthiúla.**

Baineann na saincheisteanna a chlúdaítear ag na cruinnithe seo leis na hoifigí óstála go sonrach, agus bíonn suim ag custaiméirí na n-oifigí sin iontu, go háirithe iad siúd a bhíonn i dteagmháil go laethúil leis an bhfoireann.

Tá na cruinnithe seo á dtionól againn le beagnach cúig bliana anois, agus ba mhaith liom an deis seo a thapú le buíochas na Seirbhíse Cúirteanna a chur in iúl dár gcustaiméirí uile a fhreastalaíonn ar na cruinnithe seo. Tugann siad a gcuid ama saor chun cabhrú linn iad a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí inár n-oifigí agus moltaí agus gearáin a fháil uathu. Ina theannta sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar fad a dhéanann ionadaíocht ar an tSeirbhís Chúirteanna ag na cruinnithe seo agus a úsáideann iad chun seirbhís na gcustaiméirí ar fad a fheabhsú.




*Nuala McLoughlin, Stiúrthóir Oibríochtaí na hArd-Chúirte agus na Cúirte Uachtaraí ag tabhairt aithisc do chruinniú fóraim na gcustaiméirí*

Tá Oifigí Scrúdaitheora na hArd-Chúirte agus an tSannaí Oifigiúil ar dhá cheann d'oifigí speisialta na hArd-Chúirte. Áirítear baill na ngairmeacha dlí agus cuntasaíochta i measc a gcuid baill (ag gníomhú ar son creidiúnaithe agus féichiúnaithe araon) agus Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

Chualathas ag cruinniú Dheireadh Fómhair faoi mholtaí chun an t-am atá riachtanach do chleachtóirí a chaitheamh in Oifig an Scrúdaitheora a laghdú agus faoin athbhreithniú in oifig an tSannaí Oifigiúil ar sheanchásanna féimheachta ina bhfuil cistí coinnithe ag an Sannaí Oifigiúil. Ina theannta sin, rinne an cruinniú plé ar athruithe i gcleachtas an Údaráis Chlárúcháin Maoine, cláir leictreonacha, rolladh amach ar Taifeadadh Digiteach Fuaime sna seomraí cúirte, comhdú na ndoiciméad cúirte i gcásanna Scrúdaitheoirí, an clár dócmhainneachta eachtrannaigh agus orduithe foirceanta i dtaca le níos mó ná comhlacht amháin i struchtúr grúpa.

Bhí cruinniú ag Oifig Dlí Teaghlaigh Chúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath agus Cláraitheoir Liosta Dlí Teaghlaigh na hArd-Chúirte i nDeireadh Fómhair chomh maith le hionadaithe a gcuid custaiméirí ón Dlí-Chumann, Cumann Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath agus an Chomhairle Bharra. Rinne an cruinniú plé ar chóras nua dul chun cinn cáis do chásanna dlí teaghlaigh sa Chúirt Chuarda, ar an mbrú spáis bhreise sna seomraí cúirte, agus d'aontaíomar ar phlean a thug ionadaí na Comhairle Barra chun cinn, chun saoráidí sna seomraí i dTeach an Fhionnuisce a fheabhsú. Tar éis plé ar thús a chur le Taifeadadh Digiteach Fuaime i gcúirteanna dlí teaghlaigh na hArd-Chúirte, socraíodh go dtabharfaí taispeántas faoin gcóras, agus úsáideadh é ó shin ag baint leasa as cúirt inphléite, chun deis a thabhairt do chleachtóirí feiceáil conas a oibríonn an córas.

Tá ionadaithe ón Dlí-Chumann agus Cumann Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath, gníomhaireachtaí dlí agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit i measc custaiméirí Oifige na Cúirte Uachtaraí agus na Príomh-Oifige. Rinneamar plé ag cruinniú Dheireadh Fómhair ar thréimhsí feithimh do liostaí agus achomhairc éagsúla, feabhsúcháin atá déanta againn ar Dhialann Dlí an láithreáin gréasáin, foilseachán na liostaí cúirte, agus ar éisteachtaí tearmainn agus athbhreithnithe breithiúnaigh lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Maidir leis an bPríomh-Oifig phoiblí, rinneamar plé ar sheirbhís ag an gcuntar, an tsaoráid buail isteach d'fhógraí, na socruithe nua chun orduithe cóipe a bhailiú, pleananna chun comhdú poist a thabhairt isteach, breithiúnais mhainneachtana a mharcáil agus leabhrán faisnéise nua do chleachtóirí ar bhreithiúnais agus orduithe forghníomhaithe atá anois ar fáil ar an láithreán gréasáin.

Bhí na cruinnithe seo fíorluachmhar chun ligean dúinn ár dtuiscint ar riachtanais na gcustaiméirí a fheabhsú, agus chun dea-chaidreamh oibre a bhunú leo. Is áis mhaith iad chun tuairimí a fháil ar thionscnaimh agus athruithe sna hoifigí atá beartaithe, agus chun ligean dúinn moltaí na gcustaiméirí a thógáil san áireamh chun ár bpróisis a fheabhsú agus chun spriocanna feidhmíochta a chomhaontú. Tugann próiseas malartaithe smaointe ardthoradh don tSeirbhís Chúirteanna ón infheistíocht a chuirtear isteach ann.

# ATHBHREITHNIÚ AGUS ATHEAGRÚ AR OIFIGÍ NA CÚIRTE DÚICHE

Ina cuid pleananna gnímh faoi 'Dul Chun Cinn a Choinneáil' agus 'I dTreo 2016', thug an tSeirbhís Chúirteanna tiomantas maidir le hathbhreithniú ar a cuid oifigí agus ar a struchtúr. Is cúis áthais dúinn tuairisciú ar dhul chun cinn an athbhreithnithe seo trí scéala a thabhairt gur tugadh athbhreithniú chun críche in oifigí na Cúirte Dúiche. Seo tuairisc ó **Gerry Curran**




Go bunúsach, ba é comhthéacs an athbhreithnithe seo ná an gá atá ar úsáideoirí cúirte freastal ar oifigí cúirte a laghdú. Tá obair na n-oifigí ag athrú, rud a tharla mar gheall ar theicneolaíocht nua agus modhanna éagsúla a úsáideann cleachtóirí agus an pobal anois chun idirghníomhú leis na hoifigí. Áirítear leo seo rochtain ar an Dialann Dlí ar líne agus trí theicneolaíocht bhoise soghluaiste ina measc, chomh maith le liostaí cúirte a fháil trí ríomhphost, íocaíochtaí a dhéanamh agus toghairmeacha a fháil go leictreonach, rochtain a fháil ar fhoirmeacha cúirte ar líne agus córas na *nÉileamh Beag Ar Líne* a úsáid.

Is fiú a shonrú nach raibh oifig Chúirt Dúiche riamh ag tromlach na mbailte agus na sráidbhailte in Éirinn. Áirítear leo seo go leor áiteanna atá mar ionaid ina mbíonn suíonna cúirte iontu freisin. Ní raibh míbhuntáiste ag na bailte nó a gcuid saoránaigh toisc nach raibh aon oifigí cúirte acu riamh agus is lú míbhuntáiste arís atá acu de bharr go bhfuil cianrochtain acu ar sheirbhísí agus ar fhaisnéis a bhíonn á lorg ag oifigí mar seo. Ní raibh ach 44 baile ina raibh Oifigí Cúirte Dúiche - úsáidtear 170 ionad d'éisteachtaí cúirte.

### Cleachtais Oibre a Thacaíonn le Teaghlaigh

Nuair a bhí breithniú á dhéanamh ar an mbealach ab fhearr le seirbhísí a sholáthar, tugadh suntas do dheacrachtaí a bhí ag oifigí le beirt nó triúr ball foirne ó thaobh seirbhís leanúnach ardchaighdeáin a sholáthar. In oifigí beaga mar seo, is féidir le fadhbanna a bheith i gceist maidir le saoire bhliantúil agus saoire bhreoiteachta a chlúdach. Ar an mbealach céanna, bíonn sé deacair ag oifigí beaga beartais a thacaíonn le teaghlaigh a fhorfheidhmiú atá comhaontaithe ag an Rialtas agus na comhpháirtithe sóisialta - cosúil le fleisc-am, postroinnt, obair pháirtaimseartha agus am téarma. Faoin athbhreithniú seo, tugadh breithniú iomlán ar conas a d'fhéadfaí úsáideoirí na n-oifigí áitiúla a éascú go háitiúil.

### Comhaontú

Tar éis an athbhreithnithe seo agus idirbheartaíochtaí, aontaíonn an tSeirbhís Chúirteanna leis na ceardchumainn agus leis an bhfoireann go ndéanfaí athstruchtúrú ar Oifigí na Cúirte Dúiche i Lios Tuathail, Durlas, Tuaim agus Mainistir Fhear Maí.

Athlonnófar an oifig i nDurlas anois chuig an tAonach agus aistreofar gnó Thuama go Caisleán an Bharraigh agus Gaillimh. Tarlóidh an dá athlonnú seo i mbliana. Fanfaidh na hoifigí i Lios Tuathail, Durlas, Tuaim agus Mainistir Fhear Maí ar oscailt don phobal ar feadh cúpla lá in aghaidh na seachtaine chun éascaíocht a dhéanamh d'úsáideoirí gur mian leo freastal. Déanfar sonraí na n-uaireanta oscailte do gach oifig a fhoilsiú go háitiúil de réir a chéile.

Aistreofar oifig Mhainistir Fhear Maí go dtí Mala sa mheántéarma, agus Lios Tuathail go dtí Trá Lí agus Luimneach.

Déanfaidh an tSeirbhís Chúirteanna monatóireacht ar thionchar ar bith a bheidh ag na haistrithe seo ar úsáideoirí cúirte agus déanfaidh siad socruithe mar is cuí.

## Laghdú ar an ngá freastal ar oifigí cúirte

- Ciallaíonn *Éilimh Bheaga ar Líne* go bhfuil tromlach na n-éileamh beag á gcomhdú ag an tomhaltóir/saoránach go leictreonach i láthair na huaire
- Is féidir íocaíochtaí dlí teaghlaigh a íoc go leictreonach agus déantar toghairmeacha áirithe a eisiúint go leictreonach
- Forbairt bhreise agus úsáid na gcóras chun íocaíocht na bhfíneálacha ar líne a cheadú trí chártaí creidmheasa
- Tá mórán liostaí cúirte ar fáil do shaoránaigh agus na húsáideoirí cúirte ar fad, mar atá dosaen foirmeacha cúirte chomh maith leis na mílte leathanaigh faisnéise eile atá ar *www.courts.ie*
- Forbairt le déanamh ar chumas comhdaithe cás-doiciméid na cúirte sibhialta go luath

# Ollionad nua na gCúirteanna Coiriúla – forbairt ollmhór

Táimid ag leanúint forbairt Ollionaid nua na gCúirteanna Coiriúla ó síníodh an conradh in Aibreán 2007. Ó thochailt na bunchloiche go tógáil na mballaí, tá grianghraif tugtha againn daoibh den struchtúr iontach de réir mar a théann sé suas ó mhí go mí. Tugann na grianghraif is déanaí radharc iontach ón spéir ar an gcloigeann a tógadh le déanaí - agus léirítear cén tionchar a bheidh ag an bhfoirgneamh seo ar spéirlíne Bhaile Átha Cliath. Is bliain fhíor-tháirgiúil a bhí inti d'Ollionad na gCúirteanna Coiriúla agus beidh an scéal amhlaidh in 2009.

Deir an Bainisteoir Tionscadail John Mahon linn go bhfuil seachadadh an tionscadail chun tosaigh ar an sceideal i láthair na huaire. Glacann sé buíochas leis an bhfoireann in oifigí éagsúla na cúirte coiriúla a bhí rannpháirteach sa phróiseas seachadta go dtí seo. "Tá bliain shuimiúil dhúshlánach amach romhainn ar fad", a deir sé.







*Grianghraif le caoinchead P.J. Hegarty & Sons*

# Bliain iontach do Chóras Cuntasaíochta na gCúirteanna

Ba bhliain ghnóthach agus rathúil a bhí inti do gach duine a bhí rannpháirteach i dTionscadal Cuntasaíochta na gCúirteanna. Úsáideann fiche a seacht oifig Cúirte Dúiche Córas Cuntasaíochta na gCúirteanna (CAS) anois agus tháinig méadú ar an uimhir seo ó ocht n-oifig ag tús na bliana. Tá tacaíocht ó Oifig Chuntais na gCúirteanna (CAO) ag na hoifigí seo ar fad, atá anois ag bainistiú os cionn 16,000 idirbheart airgeadais in aghaidh na míosa lena n-áirítear os cionn 11,000 íocaíocht a eisiúint le creidiúnaithe.

Tháinig borradh mór faoi sheirbhísí nua a tugadh isteach faoin tionscadal i rith na bliana. Ciste Leictreonach Áiríonn aistriú nár cuireadh ar fáil go dtí an bhliain seo caite anois os cionn 70% na n-íocaíochtaí atá á ndéanamh le creidiúnaithe dlí teaghlaigh agus creidiúnaithe eile. Íocadh os cionn €1 milliún i bhfíneálacha tríd an idirlíon in 2008 a shábháil os cionn cúig mhíle cuairt chuig oifigí na Cúirte Dúiche ar ár gcustaiméirí. B'éigean é seo a dhéanamh le seoladh Íocaíocht *Fíneála Ar Líne*, a thugann deis do dhaoine fíneálacha a íoc trí *www.courts.ie* ag tús na bliana.



*Sean Quigley, Stiúrthóir Airgeadais leis an Taoiseach a bhí ann ag an am, an tUasal Bertie Ahern T.D.*

"Is trí iarracht na foirne in oifigí na Cúirte Dúiche agus CAO a baineadh amach é seo", a deir Shay Keary, Bainisteoir Tionscadail CAS. "Is mar gheall ar a gcuid iarrachtaí a d'éirigh chomh maith sin leis an Tionscadal, agus leis na cuspóirí chun feabhas a chur ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht na n-oibríochtaí airgeadais a dtugtar fúthu in Oifigí na Cúirte Dúiche".

Tugadh aitheantas don obair iontach seo faoi dhó i rith na bliana nuair a fuair an Tionscadal dámhachtain Sármhaitheas sa tSeirbhís Phoiblí de chuid an Taoisigh in Aibreán agus dámhachtain fiúntais le déanaí ag searmanas Dámhachtana Laistigh den Rialtas i nDeireadh Fómhair.

Agus an todhchaí? "In 2009, táimid ag súil le céimeanna Chúirt Dúiche an Tionscadail a chur i gcrích agus táimid ag dréim le hoibriú lenár gcomhghleacaithe sna hoifigí Cúirte Dúiche neamh-CAS atá fágtha lena leithéid a bhaint amach", a deir Shay.

## An-tóir ar Chóras Cuntasaíochta na gCúirteanna i mBaile Átha Troim

Tá foireann i gCúirt Dúiche Bhaile Átha Troim ag baint leasa as córas nua cuntasaíochta na gcúirteanna ó cuireadh tús leis i mí Iúil seo caite.

Rinne na Comh-Príomhchléirigh, Audrey Cadden agus Noeleen Halpin, maoirsiú ar an gclár oibre inar iontráladh sonraí stairiúla sa chóras nua thar tréimhse cúpla mí. "Bhí an fhoireann i mBaile Átha Troim réidh leis an gcóras nua a úsáid nuair a chuaigh sé beo, agus a bhuíochas sin don oiliúint a soláthraíodh dúinn sula ndeachaigh an córas i bhfeidhm", a deir Audrey. "Bhíomar fíor-bhuíoch as an tacaíocht ó dheasc tacaíochta CAS a bhí "fíor-phraiticiúil" sna laethanta tosaigh nuair a chuaigh an córas beo", a deir sí. "Bhí sé seo an-tairbhiúil agus chuidigh sé le muinín a chothú in úsáid an chórais do bhaill foirne". Leanadh leis an tacaíocht seo ó shin i leith agus tá an deasc tacaíochta ar fáil go héasca trí ríomhphost nó ar an bhfón chun déileáil le deacrachtaí ar bith.

Agus cén difríocht atá déanta ag an gcóras nua don saol in Oifig Chúirt Dúiche Bhaile Átha Troim? "Tá tionchar suntasach aige ar obair na gcuntas laistigh den oifig, ag fáil réidh leis an ngá chun admhálacha láimhe a eisiúint agus seiceanna d'fhíneálacha, táillí, cothabháil, bannaí agus costais", a deir Audrey. An gciallaíonn sé seo go bhfuil neart ama agaibh le scíth a ligean? "Níl go deimhin", a deir Audrey láithreach. "Úsáidimid an t-am breise sna hoibríochtaí laethúla in oifig Chúirt Dúiche atá fíor-ghnóthach!"

www.courts.ie

## Láithreán Gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna - neart faisnéise ar fáil go héasca

Cá rachfá le Rialacha Cúirte a sheiceáil? Nó fáil amach cé mhéid dleacht stampa atá iníoctha ar dhoiciméad áirithe? Nó cóip a fháil de bhreithiúnas cúirte le déanaí? Nó treoir cleachtais a aimsiú? Nó uimhir theileafóin d'oifig chúirte a fháil? Nó fáil amach cad leis a dhéileálann oifigí áirithe? Is é láithreán gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna - *www.courts.ie* - an t-aon áis amháin a fhreagróidh na ceisteanna seo go léir agus i bhfad níos mó. Leis na mílte leathanaigh clúdaithe, cuimsítear faisnéis ar an láithreán do ghairmithe dlí, dlíthithe tuata agus don phobal ginearálta araon. Beidh suim ag gairmithe dlí sna rannóga ar 'théarmaí agus suíonna', 'oifigí agus mapaí', treoracha cleachtais, breithiúnais, dialann dlí agus foirmeacha cúirte éagsúla. Scrúdaigh ceann ar bith de na rannóga seo chun raon leathan agus éagsúil faisnéise a fháil ar mhórán ábhar. Mar shampla, tugann 'téarmaí agus suíonna' sonraí faoi ionaid na gcúirteanna mórthimpeall na tíre agus cén áit a shuíonn siad; ní hamháin go dtugann 'oifigí agus mapaí' sonraí teagmhála agus lonnaithe ach míníonn sé gnó gach oifige ag soláthar go leor faisnéise breise i mórán cásanna. Le rochtain ar fáil an t-am go léir, is féidir le cleachtóirí breithiúnais a léamh, cásanna a fháil sa dialann dlí, sonraí faoi chásanna na hArd-Chúirte a chuardach agus fógraí reatha a léamh a bhfuil tionchar acu ar ghnó mórthimpeall na tíre. Is féidir le húsáideoirí níos ginearálta fáil amach faoin tSeirbhís Chúirteanna - léamh faoin mBord, breathnú ar an struchtúr eagraíochtúil agus sonraí teagmhála a fháil do na hoifigí tacaíochta go léir. Is féidir le daoine a bhfuil suim acu a gcuid gnóthaí a dhéanamh leis na cúirteanna ar líne éileamh beag a dhéanamh ag baint leasa as córas tiomanta, *Éilimh Bheaga Ar Líne*, agus fíneáil a íoc trí sheirbhís a seoladh le déanaí, *Íocaíocht Fíneála Ar Líne*. Faigheann sé seo réidh leis an ngá atá ann freastal ar oifig chúirte agus tugann sé deis d'úsáideoirí idirghníomhú leis na cúirteanna ag am ar bith agus ó áit ar bith. Soláthraíonn rannóg atá tiomnaithe dóibh siúd atá glaoite chun seirbhíse giúróra faisnéis ón am a fuarthas an toghairm go dtí deireadh na trialach agus gach sonraí idir eatarthu. Déanann oifigí na cúirte fógraí a phostáil go rialta chun giúróirí féideartha a chur ar an eolas faoin riachtanas freastal nó gan freastal sa chúirt. Seachnaíonn sé seo turais nach gá agus sábhálann sé ar am agus míchaoithiúlacht do mhórán daoine. Is féidir le daltaí foghlaim faoi stair na gcúirteanna, fáil amach conas a oibríonn na cúirteanna, cuairt chun na Ceithre Cúirteanna a eagrú agus rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi 'Breathnaímis ar an Dlí', pacáiste acmhainne oideachasúil speisialta le lámhleabhar agus DVD. Is féidir le daoine a bhfuil ardmheas acu ar ár bhfoirgneamh cúirte mar chuid thábhachtach dár n-oidhreacht rochtain a fháil ar raon faisnéise faoi shaoráidí iontacha mórthimpeall na tíre. Chuaigh obair mhór isteach san iarracht leis an suíomh a dhéanamh chomh inrochtana agus a b'fhéidir. Tá an láithreán ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge. Tá faisnéis ar fáil i bhFraincis, Spáinnis agus dhá fhoirm Sínise chomh maith (traidisiúnta agus simplí) agus beidh sí ar fáil go luath sa Rúisis agus sa Pholainnis. Is féidir le daoine le deacrachtaí léitheoireachta nó radhairc rochtain a fháil ar raon faisnéise i gclosfhormáid lena n-áirítear éilimh bheaga, probháid agus oibreacha na Cúirte Cóireála Drugaí. Ach ná glac uainne é. Tabhair cuairt ar *www.courts.ie* agus faigh amach duit féin cad is féidir a rochtain agus faigh tuilleadh amach faoi na cúirteanna in Éirinn.



*Foireann Chúirt Dúiche Bhaile Átha Troim sa ghrianghraf ó chlé go deas - Audrey Cadden, Lorraine Fagan, Mary Moran, Margaret Mc Grath, Anne Murray, Mary Farnan*

# An Clár Afracach: ceacht ó Choláiste na Tríonóide





**Tar éis cuairt le déanaí a thug baill na mbreithiúna Ugandacha ar na Ceithre Cúirteanna, labhair an tOllamh William Binchy ó Scoil Dlí Choláiste na Tríonóide le Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna faoin obair leanúnach atá ar bun ag Ceardlann Afracach na hollscoile**

Leanann an Scoil Dlí i gColáiste na Tríonóide ag forbairt naisc leis na breithiúna agus le lucht acadúil dlí i dtíortha na hAfraice. Le baill de bhreithiúna na hÉireann, tá cuairt tugtha ag baill na Scoile Dlí ar Chúirt Bhunreachtúil na hAfraice Theas, Coimisiún Athchóirithe Dlí na hAfraice Theas, Dlí-Chumann na hAfraice Theas, na cúirteanna sa Bhotsuáin, Céinia, Suasalainn agus sa Tansáin, Ollscoil na Botsuáine agus mórán eile. Deir an tOllamh Binchy go bhfuil tionscadal ar bun ag Clár Afracach na scoile i láthair na huaire le cabhair ó Chúnamh Éireann chun breithiúnais shuntasacha a bhailiú i réimse na gCearta Daonna. Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir leis na breithiúnais seo a bhailiú sa Bhotsuáin, Uganda, Tansáin agus Leosóta go háirithe. Is í aidhm an tionscadail ná pointe rochtana ar líne a sholáthar do rialacháin thábhachtacha faoi cheannteidil éagsúla, cosúil le saoirse an tionóil agus cearta trialach atá cothrom. Go stairiúil, bhí aschur na gcumann tuairiscithe dlí "ócáideach" ag amanna difriúla i stair na tíre ar leith - in amanna athraithe rialtais mar shampla. Rud atá tábhachtach ná go gceadaíonn an tionscadal comhchuimhne na mbreithiúnas seo a choinneáil agus a sheoladh ar aghaidh. Roimhe seo, tharraing na meáin aird ar chuid de na fadhbanna tromchúiseacha a bhain leis an gceartas a riaradh i dtíortha na hAfraice. Nuair a bhíonn coup i gceist, mar shampla, tugtar forógraí do bhreithimh ón réimeas nua a chuireann cosc ar chúirteanna dlíthiúlacht an 'coup' a fhiosrú. Míníonn an tOllamh Binchy cuid de na deacrachtaí coitianta maidir le riaradh an cheartais i dtíortha na hAfraice. Mar a shamhlódh duine, athraíonn siad ó thír go tír. Deacracht amháin ná moill a chruthaítear de bharr easpa acmhainní. Luann sé sampla ina bhfeictear tithe cúirte dea-chóirithe in ionaid uirbeacha agus nuair a dhéantar aistear gearr chuig ceantair tuaithe a bhíonn go minic níos boichte d'fhéadfadh ganntanas bunsaoráidí fiú amháin a bheith ag an gcúirt sna háiteanna sin.  Le breis is deich mbliana anuas, d'eagraigh an Scoil Dlí Ceardlann Bliantúil do Phríomh-Bhreithimh agus breithiúna sinsearacha as tíortha na hAfraice. Tionóltar an Ceardlann i mí Lúnasa gach bliain. Tá freastal déanta ar an gceardlann ag Príomh-Bhreithimh agus breithimh shinsearacha as breis is ceithre thír déag. I measc na ndaoine siúd a bhí i láthair bhí Príomh-Bhreithimh ón Bhotsuáin, Leosóta, Gaimbia, Gána, Maláiv, Máratáin, Mósaimbíc, Nigéir, Suasalainn, Uganda, Tansáin, ón tSaimbia agus ón tSiombáib.

## ACMHAINN DO BHREITHIÚNAIS AFRACACHA

Bailíonn agus foilsíonn Institiúid Faisnéise Dlí na hAfraice Theas (SAFLII) ábhair dlí ón Afraic Theas agus Thoir agus tá rochtain ar líne orthu saor in aisce. Díríonn an tionscadal ar chinntí na Cúirte Achomhairc Uachtaraí san Afraic Theas a scanadh, a phrofáil agus a uaslódáil chomh fada siar le 1910. Scanadh 83,000 leathanach nó mar sin sa chéad chéim - 3,000 cinneadh go bunúsach - a théann chomh fada siar le 1983. Áirítear breithiúnais na cúirte uachtaraí sa bhailiúchán reatha ón Bhotsuáin, Madagascar, Maláiv, Máratáin, Mósaimbíc, Nigéir, Naimib, Afraic Theas, Suasalainn, Tansáin, Uganda, Saimbia agus ón tSiombáib. I measc na mbreisithe le déanaí bhí bailiúchán comhdhlúthaithe iomlán ar reachtaíocht Uganda agus cásdlí Leosóta. Á ullmhú i láthair na huaire: breithiúnais ó Leosóta, Saimbia, Namaib agus Uganda, chomh maith le foreachtaíocht Uganda. *http://www.saflii.org//*

## IS ANNAMH A THUIGEANN DAOINE ÓGA AN CHIALL ATÁ LE BANNAÍ - STAIDÉAR

**Dúirt os cionn trian de ghairmithe a chuathas leo gur 'annamh' a thuig nó nár thuig daoine óga 'riamh' cad ba chiall le bheith athchurtha faoi bhannaí.**

Tá 'Daoine Óga ar Athchur' bunaithe ar 30 agallamh le daoine óga idir 13-19 bliana d'aois sa chóras Scoile Coinneála Leanaí nó Institiúid Naomh Pádraig, 19 agallamh le tuismitheoirí agus gairmithe, 218 breathnadóireacht cáis ag Cúirt Leanaí Bhaile Átha Cliath agus suirbhé comhairliúcháin le 120 gairmí. "D'aimsigh an staidéar gurb é an toradh is coitianta (80 faoin gcéad) ar éisteachtaí athchurtha a breathnaíodh i gCúirt Leanaí Bhaile Átha Cliath ná cinneadh chun an duine óg a athchur faoi bhannaí. Shonraigh os cionn trian de ghairmithe (39 faoin gcéad) den 120 gairmí a labhraíodh leo gur 'annamh' a thuig nó nár thuig daoine óga 'riamh' cad ba chiall le bheith athchurtha faoi bhannaí. Ní raibh ach mionlach beag (ceathair faoi gcéad) a chreid gur thuig daoine óga 'i gcónaí', a deir an t-údar Mairéad Seymour. 'Aithníonn an staidéar seo go soiléir croíghrúpa daoine óga atá suite go domhain sa chóras ceartais óige agus gur cosúil go mbainfidís leas ó thacaíocht bhannaí agus roghanna eile seachas cláir athchurtha ionas gur féidir riosca na coinneála sa todhchaí a laghdú. Seachas cás amháin, bhí gach duine den 30 duine óg a cuireadh faoi agallamh faoi bhannaí an dá bhliain roimhe sin agus coinníollacha na mbannaí briste acu ar fad," a dúirt sí. Sonraíonn an staidéar an riachtanas a bhaineann le raon leathan seirbhísí sóisialta, oideachasúla, sláinte agus leasa a chur ar fáil chun díriú ar thosca a bhaineann le hiompraíocht chiontach agus chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní maidir le comhlíonadh na mbannaí. Rinne daoine óga, tuismitheoirí agus gairmithe cur síos ar dheacrachtaí i soláthar na seirbhísí síceolaíochta agus meabhairshláinte toisc moill ar rochtain na seirbhísí agus/nó acmhainní teoranta.

*Léigh an tuarascáil ag:*
*http://www.omc.gov.ie/viewdoc.asp?CatID=13*

# Taifeadadh Digiteach Fuaime á chur i bhfeidhm i gcónaí




Bhí tuairisc againn in eagrán mhí Dheireadh Fómhair de *Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna* faoin dul chun cinn maidir le soláthar taifeadta digitigh fuaime. Deir Bainisteoir an Tionscadail, Darach Green, linn anois go bhfuil an córas nua beo beathaíoch i ndeich gcinn de chúirteanna sna Ceithre Cúirteanna agus i dTulach Mhór, Baile Átha Troim, Ros Comáin, Bré, Baile Átha Luain, An Cabháin agus i Sráid Washington i gCorcaigh. Beidh an córas nua le fáil i mBaile Dhún na nGall agus i bPort Laoise roimh dheireadh na bliana. Suiteálfar an córas taifeadta digitigh fuaime sna Cúirteanna Coiriúla Cuarda go luath san athbhliain agus beidh siad ullamh le haghaidh chéad shuíonna coiriúla na bliana 2009.

**TAIFEADADH DIGITEACH FUAIME BEO**

| Contae | Teach | Cúirte Seomra | Cúirte Dlínse |
|---|---|---|---|
| Baile Átha Cliath | na Ceithre Cúirteanna | 25 | Cuaird |
| Baile Átha Cliath | na Ceithre Cúirteanna | 15 | Cuaird |
| Baile Átha Cliath | na Ceithre Cúirteanna | 23 | Cuaird |
| Baile Átha Cliath | na Ceithre Cúirteanna | 29 | Cuaird |
| Baile Átha Cliath | na Ceithre Cúirteanna | 24 | Cuaird |
| Baile Átha Cliath | na Ceithre Cúirteanna | 16 | Lárnach |
| Baile Átha Cliath | na Ceithre Cúirteanna | 3 | Lárnach |
| Baile Átha Cliath | na Ceithre Cúirteanna | 21 | Dlí Teaghlaigh na hArd-Chúirte |
| Baile Átha Cliath | na Ceithre Cúirteanna | 2 | Lárnach |
| Baile Átha Cliath | na Ceithre Cúirteanna | | Dlí Teaghlaigh na hArd-Chúirte |
| An Mhí Baile Átha | Troim | 1 | Cuaird |
| Uíbh Fhailí | Tulach Mhór | 1 | Cuaird |
| Ros Comáin | Ros Comáin | 1 | Cuaird |
| Corcaigh | Sráid Washington | 1 | Cuaird |
| An Cabháin | An Cabháin | 1 | Cuaird |
| Baile Átha Luain | Baile Átha Luain | 1 | Cuaird |
| Cill Mhantáin | Bré | 1 | Cuaird |

Is féidir taifeadadh digiteach fuaime a úsáid chun imeachtaí cúirte a stóráil ar ríomhaire. Is féidir an comhad ríomhaire a aisghabháil ina dhiaidh sin chun athscríbhinní a ullmhú agus is féidir iad a sheinm arís laistigh den seomra cúirte, in oifig an bhreithimh nó lasmuigh den chúirt. Is féidir é a chóipeáil ar CD nó ar mheán éigin den sórt.

# Ag síneadh láimhe chuig mic léinn Dlí Bhaile Muna

**Rinne Teresa Brophy ó Oifig Caomhnóireachta na Cúirte Dúiche agus Eoin Manning ó Oifig Dlí Teaghlaigh na Cúirte Dúiche i mBaile Átha Cliath óstáil le déanaí ar ghrúpaí ó Ionad Dlí Phobal Bhaile Muna. Ba chuid de Chlár For-Rochtana na Seirbhíse Cúirteanna na turais seo chun naisc a chothú idir grúpaí pobail agus na cúirteanna.**



*Grianghraf tógtha ar chéimeanna Theach Cúirte Thobar Bhríde, Líne chúil ó chlé: Des Brophy, Jude McHugh, Valerie Nolan, Joyce Duffy. Líne thosaigh ó chlé. Teresa Brophy, Patricia Martin, Christine Beresford, Claire Harrington*



*An Breitheamh Furlong ar chúl le mic léinn an dlí teaghlaigh ó Ionad Dlí Phobal Bhaile Muna*

Bhí an chéad ghrúpa ag glacadh páirte i gcúrsa a raibh sé d'aidhm aige tuiscint agus forléargas a thabhairt dóibh ar an dlí coiriúil in Éirinn. Lean an cúrsa ó Mheán Fómhair go Samhain agus bhain sé le gach gné den dlí coiriúil. Tá sé dírithe orthu siúd a chuireann faisnéis ar fáil agus ar oifigigh tionscadail sa phobal i gcoitinne, agus go mór mór orthu siúd a bhfuil baint acu le cúrsaí forbartha na hóige. Tugadh léargas dóibh ar fheidhmiú na gCúirteanna Dúiche Coiriúla i mBaile Átha Cliath mar chuid dá dturas agus bhí deis acu an mhaidin sin suí sna cúirteanna nuair a bhí cásanna dá n-éisteacht. Tá an dara grúpa ag díriú ar dlí an teaghlaigh. Nuair a thug siad cuairt ar Theach an Charnáin bhuail siad leis an mBreitheamh Gerard Forlong a thug cuntas dóibh ar na cineálacha cásanna a bhíonn le héisteacht ag breithiúna an dlí teaghlaigh. Mhínigh sé dóibh gurb é aidhm na gcinntí a dhéantar sna cúirteanna sin ná cúrsaí a bhogadh ar aghaidh ar mhaithe leis na páirtithe go léir. Nuair a bhíonn leanaí i gceist tugtar tús áite dá leas i gcónaí. Bhí a lán ceisteanna ag an ngrúpa le cur ar an mbreitheamh agus ba mhór leo an t-am a ghlac sé chun iad go léir a fhreagairt. D'fhreagair Eoin Manning a lán ceisteanna eile faoi phróisis agus nósanna imeachta na gcúirteanna dlí teaghlaigh, agus thug Fiona Farrell ón Oifig Faisnéise cuntas dóibh ar obair na n-oifigí éagsúla i dTeach an Fhionnuisce. Tugadh freagraí an-dearfacha san aiseolas faoi na turais. Dúirt an dá ghrúpa go mba dheiseanna iontacha a bhí iontu. Scríobh duine amháin a ghlac páirt ann, "Beidh an fhaisnéis agus an taithí sin an-úsáideach dúinn sa staidéar atá ar siúl againn agus san obair atá idir lámha againn le grúpaí pobail." Téigh i dteagmháil le John Quirke ag 01-8886463 (ríomhphost: johnjquirke@courts.ie) chun plé níos grinne a dhéanamh ar Chlár For-Rochtana na Seirbhíse Cúirteanna.

# CABHRAÍONN NA CEITHRE CÚIRTEANNA CHUN BARRFHEABHAS A BHAINT AS CUMHACHT LE LINN OIBRE

Bhí tuairisc againn in eagrán mhí Iúil de *Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna* go raibh na Ceithre Cúirteanna ar cheann de na foirgnimh stáit a roghnaíodh le páirt a ghlacadh i dtreoirscéim chun laghdú 15% a dhéanamh ar astuithe $CO_2$ ó fhoirgnimh agus é sin a dhéanamh trí feasacht a spreagadh faoi fhuinneamh agus faoi éifeachtúlacht fuinnimh. 'Barrfheabhas as Cumhacht ag an Obair' a thugtar air agus is í Oifig na nOibreacha Poiblí atá á reáchtáil. Tá sé d'aidhm aici cabhrú le daoine breathnú ar an gcaoi a úsáideann siad fuinneamh san ionad oibre agus bealaí a aithint in bhféadfaidh siad an méid a úsáideann siad a laghdú gan cur isteach ar a gcompord ná ar a sábháilteacht. Bhí comórtas ann mar chuid den scéim ina bhféadfadh na foirne sna foirgnimh pháirteacha bealaí a cheapadh chun fuinneamh a spáráil. Ba ag Wayne Font ó Oifig na Cúirte Sibhialta a bhí an smaoineamh a bhuaigh. Ba é an plean a bhí aige ná 'go múchfadh na ríomhairí go huathoibríoch tar éis 1 uair agus go mbeadh lasc ama ar na soilse i slí go múchfaí go huathoibríoch iad tar éis 6 i.n. ach go bhféadfadh an fhoireann é sin a athrú dá mbeadh gá'.



*Bhronn Frank Lyons ó Aonad Foirgneamh na Seirbhíse Cúirteanna an duais ar Wayne thar ceann Oifig na nOibreacha Poiblí*

# Comhoibriú idirghníomhaireachtaí: tagann an Roinn Cosanta chun cúirte

Tá ár n-iar-Bhainisteoir Réigiúnach Lár Tíre, Ann Price, tar éis aistriú go rannóg reachtaíochta na Roinne Cosanta agus ba thapa a chonaic sí an deis chun roinnt comhoibriú idirghníomhairechtaí a chur chun cinn. Cuireadh comhthionscnamh ar bun agus thug foireann oiliúna a roinne nua cuairt ar a lán oifigí cúirte le déanaí chun tuilleadh a fháil amach faoina mbíonn ar siúl iontu a bhaineann lena bhfeidhmeanna féin. D'inis Ann Duffy ó Aonad Oiliúna agus Forbartha na Roinne Cosanta dúinn: "Chuir Noel A. Doherty ó Stiúrthóireacht Athchóirithe agus Forbartha na Seirbhíse Cúirteanna tús leis an gclár imeachtaí a bhí againn leis an tSeirbhís nuair a thug sé cuntas dóibh ar Choistí Rialacha na Cúirte." "Fuair an fhoireann a lán eolais úsáideach uaidh faoi rialacha na cúirte agus conas a fheidhmíonn siad." Shuigh an fhoireann isteach ag éisteacht de chuid Chúirt na nAchomharc Airm sa Chúirt Uachtarach agus thug Cláraitheoir na Cúirte Uachtaraí, Maeve Keane agus Cláraitheoir na Cúirte Achomhairc Coiriúla, Geraldine Manners cuntas dóibh ar an gcaoi a fheidhmíonn an chúirt speisialaithe seo. "Cuid de ról na rannóige reachtaíochta is ea oibriú go dlúth lena gcomhghleacaithe san arm chun rialacháin na Roinne Cosanta a thabhairt cothrom le dáta agus iad a shimpliú. Tá pleananna déanta chun go dtabharfaidh an fhoireann cuairteanna ar an gCúirt Chuarda agus ar an gCúirt Dúiche le cabhrú leo na cúirteanna sibhialtacha a thuiscint níos fearr. Cabhróidh sé seo leo próisis na gcúirteanna a thuiscint agus gheobhaidh siad léargas níos leithne ar chomhthéacs na páirte atá acu féin i gclár leasaithe reachtach na Roinne." Cuid de thionscnamh níos leithne sa Roinn Cosanta is ea an obair seo leis an tSeirbhís Chúirteanna. Bhí idirghníomhaíocht acu le gníomhaireachtaí eile acu lena n-áirítear Oifig an Ard-Aighne, Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta. "Bhí an t-ádh dearg orainn a leithéid de chomhoibriú a fháil ó ranna agus ó ghníomhaireachtaí eile rialtais," a dúirt Ann Duffy. "D'éirigh linn a lán spriocanna a bhaint amach de thoradh an chomhtionscadail seo, lena n-áirítear líonra teagmhálacha a bhunú, agus lena chois sin roinneadh eolas eadrainn agus ba mhór an tairbhe a bhain gach aon duine as. Léirigh gach aon duine an-dea-mhéin agus bhí fonn orthu acmhainní a roinnt le gach aon dream bainteach. Ós rud é go bhfuil athrú ag teacht ar chúrsaí eacnamaíochta tá sé tábhachtach gan dearmad a dhéanamh go bhfuil an cuimse taithí agus eolais ag daoine ar fud na seirbhíse poiblí." "Táimid fíorbhuíoch don tSeirbhís Chúirteanna, agus go mór mór Elisha D'Arcy, as ucht na cabhrach agus na tacaíochta leanúnaí a thug siad dúinn maidir le heagrú na hoiliúna, agus táimid ag súil go mór le bheith ag obair leo amach anseo."



*Maeve Kane agus Elisha D'Arcy le foireann na Roinne Cosanta le linn an turais a thug siad le déanaí ar na Ceithre Cúirteanna*

**Ar fud an domhain**

## Duais Eorpach d'Éilimh Bheaga ar Líne na RA

Cuireann an córas seo córas simplí tapa eadrána ar fáil d'éilimh bheag agus thug sé an chraobh leis ag comórtas a eagraíodh mar chuid den Lá Eorpach Ceartais Sibhialta. Bronnadh duais 'Meá Chriostail an Cheartais' le haghaidh cleachtas nuálach cúirte ar Sheirbhís Cúirteanna Na Banríona (an Ríocht Aontaithe). Ba iad Comhairle na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach a d'eagraigh an comórtas agus bhí dreamanna ó cheann ceann an AE istigh air. Tugadh ardmholadh do 'Barreau de Paris' (na Fraince) de bharr a Bus 'Barreau de Paris Solidarité'; do Chúirt Mhilano (na hIodáile) de bharr a hoifig ríomhairithe um agraí sibhialta agus d'Aireacht Cheartais na Tuirce de bharr a gCóras Náisiúnta Faisnéisíochta Breithiúnaí.

*Téigh chuig: www.coe.int/cepej chun tuilleadh eolais a fháil*



# ATHBHREITHNIÚ AR AN MBLIAIN

# 2008

Bliain mhór athruithe agus dul chun cinn a bhí inti don tSeirbhís Chúirteanna. Tá sé i bhfad níos fusa don phobal dul isteach sna cúirteanna féin anois agus a gcuid seirbhísí a rochtain go fíorúil agus go fisiceach de bharr áiseanna feabhasaithe cúirteanna agus de bharr tionscadail dírithe ar chustaiméirí a chabhraíonn leo nuair atá siad ag déileáil le hoifigí cúirte. Caitheann **Luke O'Neill** súil siar ar imeachtaí na bliana.

Is iomaí rud nua a tharla i gcaitheamh na bliana. Shuigh an Ard-Chúirt in ionaid nua ar fud na tíre, rinneadh taifid dhigiteacha d'imeachtaí cúirte agus bhí an pobal in ann fíneálacha a íoc ar líne in áit dul go hoifigí cúirte. Deireadh ré a bhí ann i gcásanna eile. Dúnadh doirse theach cúirte stairiúil Chill Mhaighneann agus d'fhágamar slán le comhghleacaithe a chuaigh go poist eile nó ar scor.

**Foirgnimh**

Chuir an Clár Caipitiúil Tógála feabhas breise ar thithe cúirte na hÉireann. Bhí Ollionad ríthábhachtach na gCúirteanna Coiriúla ag éirí ní b'airde in aghaidh na míosa. Cuireadh díon air le déanaí agus tá an sceideal á shárú maidir lena oscailt in 2010. Osclaíodh áiseanna nua i gcomhair an dlí teaghlaigh ag Teach an Charnáin i mBaile Átha Cliath i mí Feabhra. Ionad an-luachmhar a bhí ann ó tógadh é ag deireadh na Naoú hAoise Déag agus is ionad le haghaidh an dlí teaghlaigh é Teach an Charnáin anois. Rinneadh roinnt


*Cúirt Athchóirithe an Dlí Teaghlaigh - Teach an Charnáin*

athruithe le linn na hoibre athchóirithe a bhfuil sé d'aidhm acu dínit agus príobháideacht na n-imeachtaí dlí teaghlaigh a choinneáil. Ina measc tá cúig sheomra méadaithe cúirte nua; ionaid faoi leith le haghaidh iarratais/fiosruithe maidir leis an dlí teaghlaigh, agus scáileán faisnéise a léiríonn na cásanna atá liostáilte gach lá agus a stádas. Osclaíodh teach nua cúirte i mBaile Átha Fhirdhia mar chuid den Ionad Cathartha a chosain €4.7m agus a mbeidh oifigí ag Comhairle Contae Lú agus ag Oifig na nOibreacha Poiblí ann freisin. Foirgneamh dinimiciúil é seo ó thaobh na hailtireachta de agus baineadh leas as ábhair agus teicneolaíochtaí inbhuanaithe nuair a bhíothas á thógáil. De bhrí gur soláthraíodh teach cúirte nua ag Ionad Seirbhísí Cathartha Lár Lú bhí an Ard-Chúirt in ann suí ann nuair a osclaíodh é. D'oscail an tAire Airgeadais, an tUasal Brian Lenihan T.D. teach mór cúirte nua i mBaile Bhlainséir i mí Iúil. Tá rochtain áitiúil lánaimseartha ag bruachbhailte Iarthar Bhaile Átha Cliath ar áiseanna cúirte iomlána anois, os rud é go bhfuil an chúirt féin agus na hoifigí cúirte lonnaithe i limistéir lár an bhaile. Ciallaíonn sé seo gur féidir éilimh bheaga, fíneálacha agus cúrsaí an dlí teaghlaigh a láimhseáil go háitiúil. Suíonn an Chúirt Leanaí ansin freisin. Déileálann an Chúirt Dúiche le cásanna a thagann chun cinn i gceantar Iarthar Bhaile Átha Cliath lena n-áirítear Baile Bhlainséir, Cluain Saileach, Mullach Eadrad, Baile an Chairpintéaraigh agus Caisleán Cnucha. Ba é a dúirt an tAire Airgeadais Brian Lenihan T.D. agus é ag oscailt an teach cúirte ná: Tá daonra níos mó i mBaile Bhlainséir anois ná mar atá i roinnt contaetha. Is cuí mar sin go mbeadh áiseanna cúirte den chaighdeán seo ar fáil anseo. Áis shuntasach a bheidh ann don phobal áitiúil na seirbhísí seo a bheith ar fáil acu anseo."

**Atheagrú dúichí na gCúirteanna Dúiche**

Cuireadh tús i rith na bliana le Céim a Dó d'atheagrú dúichí na gCúirteanna Dúiche. Rinneadh an chéad athbhreithniú iomlán ó 1961 i leith ar na hionaid chúirte, ar a suíonna agus ar a gcuid ualaí oibre le linn Céim a hAon. Baineann Céim a Dó le Contaetha Dhún na nGall, Shligigh, Liatroma, Mhaigh Eo, na Gaillimhe, an Chláir, Ros Comáin, an Longfoirt, na hIarmhí, Uíbh Fhailí, Laoise agus Thiobraid Árann agus críochnófar an mhí seo chugainn í. Tharla athruithe déimeagrafacha agus sóisialta le 47 bliain anuas agus tharla méadú dá réir ar an méid oibre atá le déanamh sna Cúirteanna Dúiche ach tá feabhas tagtha freisin ar chúrsaí taistil agus cumarsáide. Ba ghá nuair a bhí an t-athbhreithniú seo ar siúl breathnú ar gach dúiche agus measúnú a dhéanamh ar na hionaid agus ar an ualach oibre bliantúil a bhí orthu. Tá tionchar ag athruithe déimeagrafacha, sóisialta agus bonneagair ar an gcruth a bheidh ar na dúichí sa todhchaí freisin. Ina measc sin tá: méadú ar ghníomhaíocht tráchtála, rochtain níos mó ar iompar agus líonra bóithre níos fearr a bheith ar fáil. Tá go leor feabhsuithe déanta le blianta beaga anuas chun cabhrú leo siúd atá ag úsáid na gcúirteanna, go háirithe i gcás na bhfoirgneamh. Tá athchóiriú suntasach déanta ar ár n-eastáit agus tá áiseanna den scoth ar fáil ar fud na tíre anois. D'oibrigh ár n-oifigí réigiúnacha le breithiúna, le baill foirne agus le húsáideoirí na gcúirteanna chun na hathruithe seo a thabhairt isteach chomh héifeachtach agus chomh furasta céanna is a tugadh isteach go rathúil iad i gCéim a hAon.

**Córais fheabhsaithe TFC**

Chuir cláir dhea-dheartha TFC a soláthraíodh go gairmiúil seirbhísí cúirte ar fáil i dtithe cónaithe saoránach: Tá cúrsaí níos fusa don phobal anois de bharr *Éilimh Bheaga ar Líne* agus *Íocaíocht Fíneála ar Líne* agus ní gá dóibh cuairt a thabhairt ar oifigí cúirte iad féin. Cuireann an córas CAS ar chumas lucht úsáidte na cúirte fíneálacha, bannaí agus cothabháil clainne is araile a íoc, agus tá roghanna íocaíochta níos leithne ag custaiméirí anois mar aon le feabhas ar cháilíocht agus ar thráthúlacht seirbhíse. Ba le seic nó le hairgead tirim chuig an oifig inar gearradh an fhíneáil an bealach traidisiúnta chun



*Seomra cúirte a athchóiríodh le déanaí i dTeach Cúirte Mhainistir Fhear Maí*

fíneáil a íoc. De réir mar a d'aistrigh níos mó daoine ó sheicleabhar go hairgead tirim agus go cártaí léasair agus creidmheasa, d'éirigh an córas íocaíochta ciotach agus ba mhinic a bhí ar dhaoine taisteal chun na hoifige chun í a íoc le hairgead tirim. Tá os cionn 40 oifig Cúirt Dúiche ar fud na tíre ag an tSeirbhís Chúirteanna. Obair thábhachtach amháin atá ar siúl ag na hoifigí seo ná bainistíocht agus próiseáil os cionn 700,000 idirbheartaíocht airgeadais in aghaidh na bliana, a bhfuil luach €80 milliún acu.

San am atá caite, rinneadh na hidirbheartaíochtaí seo a phróiseáil agus coinníodh cuntas orthu ag úsáid córais chuntasaíochta láimhe neamhspleácha i ngach oifig. Bhí na córais seo dian ar shaothar agus neamhéifeachtach. Bac a bhí iontu freisin maidir le cloí le tionscnaimh ríomhRialtais. Faightear €1.75 milliún de bharr gach feabhsú 5% a dhéantar ar an ráta bailithe fíneálacha. Lena chois sin spárálfar os cionn €1 milliún in uaireanta oibre. Tá an-úsáid á bhaint as an gcóras seo sna limistéir ina raibh an scéim phíolótach á reáchtáil, agus tá 70% de na daoine ag úsáid aistriú leictreonach le haghaidh íocaíochtaí dlí teaghlaigh. Cuireadh Éilimh *Bheaga ar Líne* ar fáil ar fud na tíre níos luaithe i mbliana. Is léir ón gcaoi a bhfuil 46% de na hiarratasóirí ar éilimh bheaga ag úsáid an idirlín chun na táillí a íoc go bhfuil ag éirí thar cionn leis an gcóras.

Ós rud é gur chuir na córais um éilimh bheaga agus um fhíneálacha tairbhe follasach ar fáil do chustaiméirí rinne an tSeirbhís iarracht dearcadh an phobail a fháil amach faoinár gcuid oibre agus ar an gcaoi a d'fhéadfaimis feabhas a chur uirthi. Tionóladh an ceathrú Fóram Lárnach Custaiméirí den tSeirbhís Chúirteanna níos luaithe i mbliana. Insíodh don slua a bhí i láthair faoin bPlean Gnímh um Sheirbhís Chustaiméirí agus faoin bPlean Straitéiseach chun dlús a chur faoi eisiúint orduithe Ard-Chúirte.

Cuireadh an teicneolaíocht is déanaí isteach sa seomra cúirte. Cuireadh córais nua-aimseartha físcho-mhdhála ar fáil i mbliana nuair a dámhadh an conradh ar Damovo tar éis próiseas tairisceana ar fud an AE go léir. Cuireadh próiseas athbhreithnithe críochnúil i bhfeidhm agus cuireadh réimse uirlisí cumarsáide físe comhoibríocha agus iomasacha ar fáil do gach teach cúirte rannpháirteach. Tá dhá scáileán 46'' ag gach teach cúirte anois is féidir leis an ngiúiré agus leis an bpobal a fheiceáil, chomh maith le scáileáin tadhaill aonair don bhreitheamh, don chláraitheoir, don lucht cosanta agus don ionchúiseamh. Tá córais físchomhdhála curtha i seomraí finnéithe tiomnaithe ionas gur féidir le finnéithe leochaileacha páirt a ghlacadh in imeachtaí cúirte trí a gcuid fianaise a thabhairt ó áit taobh amuigh den seomra cúirte. Is féidir leis an mbreitheamh gach fianaise agus ráiteas ó fhinnéithe a rialú anois trí bhrú ar a scáileán féin. Ina theannta sin, is féidir tús a chur le himeachtaí cúirte beo idir seomraí cúirte in Éirinn agus i roinnt tíortha ar fud an domhain. Tá 'seilfeanna fianaise' curtha ar fáil freisin i seomraí cúirte sannta, ina bhfuil ríomhairí ionsuite, naisc do ríomhairí glúine, agus áiseanna athsheanma do réimse iomlán de VHS, DVD agus seirbhísí físe ar líne. Cuireann siad seo ar chumas gardaí agus aturnaetha fianaise físe cosúil le píosa scannáin ó CCTV a thaispeáint go héifeachtach, gan bacadh lena gcuid trealaimh féin a thabhairt leo. Cuireadh na córais i bhfeidhm i mbreis agus fiche cúirt, lena n-áirítear Baile Átha Cliath, Bré,



*Na Breithiúna, an tAire Dermot Ahern, aíonna ar tugadh cuireadh dóibh agus foireann na Seirbhíse Cúirteanna ag oscailt oifigiúil Theach Cúirte Bhaile Átha Fhirdhia*

Corcaigh, Luimneach, Caisleán an Bharraigh agus Tulach Mhór. Baineadh feidhm as na córais taifeadta digitigh fuaime (DAR) i gCúirteanna Cuarda Coiriúla 15, 23, 25 agus 29 sna Ceithre Cúirteanna i rith an chéad dá sheachtain de mhí Dheireadh Fómhair. Ba iad an Phríomh-Chúirt Choiriúil, an Chúirt Choiriúil Speisialta, an Ard-Chúirt, Cúirt Dlí Teaghlaigh na hArd-Chúirte agus na Cúirteanna Cuarda ina mbíonn gnó coiriúil ar bun a chéad fuair na córais nua. Tar éis triail phíolótach rathúil a bhí ar siúl idir Aibreán agus Iúil, rinneadh uasghrádú ar chórais fuaime in 12 de na cúirteanna sna Ceithre Cúirteanna chun iad a réiteach i gcomhair insealbhú DAR. Tá taifead na cúirte á thógáil sna cúirteanna seo anois ag úsáid taifeadadh digiteach fuaime agus nótaí mínithe in éineacht leo. Tá obair cosúil leis ar bun anois in ionaid chúirte réigiúnacha. Bhí DAR curtha ar fáil i gCúirt 24 sna Ceithre Cúirteanna, i mBaile Átha Troim, i Ros Comáin, i mBré agus i Sráid Washington i gCorcaigh ag deireadh mhí Deireadh Fómhair agus i gceann de sheomraí cúirte na Príomh-Chúirte Choiriúla agus i gCúirt Dlí Teaghlaigh na hArd-Chúirte i Samhain. Tá sé beartaithe DAR a chur ar fáil sna cúirteanna eile go léir sna Ceithre Cúirteanna, i dTeach an Fhionnuisce agus i Sráid Bowes.

**Tuilleadh faisnéise don phobal**

Rinneadh comhlíonadh breise ar dhualgas na Seirbhíse Cúirteanna faisnéis faoi na cúirteanna a chur ar fáil don phobal nuair a cuireadh *Breathnaímis ar an Dlí* ar fáil do scoileanna uile na tíre. Tugann an pacáiste múinteoireachta mar aon leis na pleananna le haghaidh ceachtanna agus an DVD a théann leo buneolas cuimsitheach ar riaradh an cheartais in Éirinn. Moladh go hard é san aiseolas a thug na daltaí a ghlac páirt i dtreoirthionscadal luath. Bhí sé seo le rá ag dalta amháin: "Bhain mé an-taitneamh as rang an lae inniu toisc gur thóg gach duine páirt sa triail agus go raibh an-spéis go deo acu ann. Bhí an croscheistiú an-mhaith agus bhí mé an-neirbhíseach toisc go bhféadfadh botún ar bith deireadh a chur leis an triail." Lean an tSeirbhís uirthi ag ceiliúradh oscailt tithe cúirte nua agus athchóirithe trí bhróisiúir a chur ar fáil faoi na hoscailtí oifigiúla. Foilsíodh bróisiúir i mbliana faoi thithe cúirte Bhaile Bhlainséir agus Bhaile Átha Fhirdhia.

**Dámhachtainí buaite ag tionscadail na Seirbhíse Cúirteanna**

Tugadh aitheantas a bhí tuillte go maith do dhá thionscadal de chuid na Seirbhíse Cúirteanna nuair a bhuaigh siad dámhachtainí i mbliana. Bhuaigh Tionscadal Cuntasaíochta na gCúirteanna dámhachtain *Sármhaitheas sa tSeirbhís Phoiblí* mar aon le dámhachtain *Nuáil Laistigh den Rialtas* de bhar nuashonrú a dhéanamh ar mhodhanna cuntasaíochta na gcúirteanna agus córais TFC a chur ar fáil le haghaidh idirbhearta airgeadais na gcúirteanna. Bhí an bua ag láithreán gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna i gcatagóir an *Eagraíocht Stáit is Fearr* sna dámhachtainí ríomhRialtais ní ba luaithe sa bhliain. Aithnítear an buaiteoir mar an comhlacht stáit ar éirigh leis leas a bhaint as TFC chun seirbhísí, faisnéis agus éifeachtúlacht níos fearr a chur ar fáil dá lucht úsáidte (go hinmheánach agus go seachtrach araon). Aithníonn na dámhachtainí seo an obair shuntasach atá déanta acu maidir le seirbhísí ríomhRialtais.

**Athruithe le teacht go luath**

Beidh athruithe suntasacha agus ré nua i ndán don tSeirbhís Chúirteanna sa bhliain atá romhainn. Beidh príomhfheidhmeannach nua ann, cuirfear dlús leis na hullmhúcháin le dul isteach in Ollionad na gCúirteanna Coiriúla agus tabharfar dúshlán na Seirbhíse seirbhís den scoth a nascadh le breis éifeachtúlachta le linn na tréimhse éiginnte eacnamaíche a mhairfidh ar feadh na bliana 2009 go léir.

## AN CHÉAD UAIR/AN UAIR DHEIREANACH

- Shuigh an Ard-Chúirt lasmuigh den ardchathair i mBaile Átha Fhirdhia, i Mainistir Fhear Maí, san Aonach agus in áiteanna eile
- Éisteadh imeachtaí cúirte Thuaisceart Éireann sa Stát seo den chéad uair riamh nuair a shuigh cúirt de chuid na dlínse sin sna Ceithre Cúirteanna chun fianaise an Gharda a éisteacht sa caingean sibhialta a thionscain gaolta íospartach Buamála na hÓmaí
- Bhí an suí deireanach i gCúirt Dúiche Chill Mhaighneann i mí Iúil. Bhí an teach cúirte in úsáid ó 1820 ach ní raibh sé feiliúnach a thuilleadh le haghaidh riachtanas iomadúla a lucht úsáidte. Aistríodh gnó na cúirte go hionaid i lár na cathrach agus chuig na háiseanna nua i dTeach Cúirte Bhaile Bhlainséir.

# Athruithe ar Bhord na Seirbhíse Cúirteanna

Is é Brian Leonard ó Chúirt Dúiche Chaisleán an Bharraigh ionadaí na mball foirne ar Bhord na Seirbhíse Cúirteanna. Tagann sé i gcomharbacht ar Kevin Fidgeon ó Chúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath a raibh an post sin aige le trí bliana anuas. Tá athruithe eile ar bhallraíocht an Bhoird. Tháinig na Breithiúna Nicholas Kearns, Michael White agus Gerard Haughton i gcomharbacht ar na Breithiúna Susan Denham, Patrick Moran agus Flannan Brennan faoi seach. Tháinig an Breitheamh Kevin Feeney i gcomharbacht ar an mBreitheamh Iarfhlaith O'Neill mar bhreitheamh tofa na hArd-Chúirte. Fanann an Breitheamh Iarfhlaith O'Neill ar an mbord mar ainmní an Phríomh-Bhreithimh in áit an Bhreithimh John Quirke. Is é an tUasal Gerard Doherty ainmní an Dlí-Chumainn agus tagann sé i gcomharbacht ar an Uasal Owen Binchy. Tháinig an tUasal Mary Southwell i gcomharbacht ar an Uasal Olive Braiden mar ionadaí lucht úsáidte na gcúirteanna agus d'ainmnigh Comhdháil na gCeardchumann an tUasal Liam Berney le teacht i gcomharbacht ar an Uasal Esther Lynch. Tá na baill eile gan athrú

| BAILL BHORD NA SEIRBHÍSE CÚIRTEANNA ÓN 9Ú LÁ DE SHAMHAIN 2008 | | |
|---|---|---|
| 1. | An Príomh-Bhreitheamh | An Breitheamh John L. Murray |
| 2. | Breitheamh na Cúirte Uachtaraí | An Breitheamh Nicholas Kearns |
| 3. | Uachtarán na hArd-Chúirte (nó Ainmní) | An Breitheamh Richard Johnson |
| 4. | Breitheamh na hArd-Chúirte | An Breitheamh Kevin Feeney |
| 5. | Uachtarán na Cúirte Cuarda (nó Ainmní) | An Breitheamh Matthew Deery |
| 6. | Breitheamh na Cúirte Cuarda | An Breitheamh Michael White |
| 7. | Uachtarán na Cúirte Dúiche (nó Ainmní) | An Breitheamh Miriam Malone |
| 8. | Breitheamh na Cúirte Dúiche | An Breitheamh Gerard Haughton |
| 9. | Ainmní an Phríomh-Bhreithimh (Breitheamh le Saintaithí faoi leith) | An Breitheamh Iarfhlaith O'Neill |
| 10. | Príomhfheidhmeannach | An tUasal P.J. Fitzpatrick |
| 11. | Cathaoirleach Chomhairle an Bharra (nó Ainmní) | An tUasal Eoghan Fitzsimons |
| 12. | Uachtarán Dlí-Chumann na hÉireann (nó Ainmní) | An tUasal Gerard Doherty |
| 13. | Ionadaí Fhoireann na Seirbhíse Cúirteanna | An tUasal Brian Leonard |
| 14. | Oifigeach an Aire | An tUasal Noel Waters |
| 15. | Ionadaí Lucht Úsáidte na gCúirteanna | An tUasal Mary Southwell |
| 16. | Ionadaí Chomhdháil na gCeardchumann | An tUasal Liam Berney |
| 17. | Ionadaí Lucht Gnó agus Tráchtála | An tUasal Liam Farrell |

## AG RÉITEACH AN BHEALAIGH I GCOMHAIR
### cumarsáide níos fearr idir na Gardaí agus na cúirteanna

Tháinig Príomhchléirigh na Cúirte Dúiche le chéile le déanaí le cloisteáil faoi Treoirthionscadal maidir le Comh-inoibritheacht an Cheartais Choiriúil (CJIPP). Is éard atá i gceist leis an gcóras seo ná go ndéanfaí sonraí a mhalartú go leictreonach idir chóras (AGS) pulse an Gharda Síochána agus Córas Rianaithe Cásanna Coiriúla na Seirbhíse Cúirteanna. San áireamh sa mhalartú leictreonach sonraí tá

- Admhálacha leictreonacha ar gach iarratas ar thoghairmeacha ón AGS
- Fógraí leictreonacha don AGS faoi dhátaí éisteachtaí cúirte mar aon lena dtorthaí agus a nuashonruithe
- Sonraí barántais i gcás gach barántas atá le cur i gcrích trí mheán AGS, lena n-áirítear barántais bhinse, barántais chimithe agus barántais fíneála.

Cuireadh an córas i bhfeidhm i Samhain agus cabhróidh sé chun breis éifeachtúlachta a chur ar fáil sna cúirteanna agus sa Gharda Síochána araon.

Bhí na Cléirigh i láthair ag comhdháil sa Mhuileann gCearr inar thug an Stiúrthóir Airgeadais, Sean Quigley gearrchuntas ar a dheacra is a bheidh cúrsaí airgeadais i rith na coda eile den bhliain, agus níos tábhachtaí fós, i rith 2009. Thug Seán cuntas freisin ar phríomhghnéithe Phlean Straitéisigh na Seirbhíse Cúirteanna i gcomhair na tréimhse 2009 - 2011. I measc na rudaí eile a cuireadh i láthair thug Noel A. Doherty ón Stiúrthóireacht um Athchóiriú agus Forbairt cuntas ar na forbairtí a rinneadh le déanaí ar Rialacha na gCúirteanna Dúiche agus ar an Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2008 agus labhair Olive Caulfield agus Emer D'Arcy faoi sholáthar foirne agus Acmhainní Daonna. Ba iad lucht Oibríochtaí na Cúirte Cuarda & na Cúirte Dúiche, le cabhair ón Aonad Oiliúna a rinne comhordú ar an imeacht.

# Níos mó ná 'cúpla focal' ag an bhfoireann

Más aon chomhartha é a liacht daoine atá ag liostáil i gcomhair ranganna Gaeilge is léir go bhfuil an-fhonn ar fhoireann na Seirbhíse Cúirteanna Gaeilge a fhoghlaim agus a bhfuil den teanga acu cheana féin a fheabhsú. Mar chuid de scéim a ullmhaíodh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla tá an tSeirbhís 'tiomanta do bheartas chun feabhas a chur ar chumas Gaeilge a foirne, go mór mór iad siúd a bhíonn ag obair in oifigí poiblí agus a bhíonn ag déileáil le custaiméirí seachtracha, agus clár oiliúna deonaí chomh maith le spreagadh a úsáid chuige sin' Feidhmíonn *Gaeleagras* faoi choimirce na Roinne Airgeadais agus tá ranganna Gaeilge á sholáthar acu don Státseirbhís le fada an lá. Shocraigh Ionad Oiliúna na Seirbhíse Cúirteanna in 2008 go gcuirfeadh *Gaeleagras* múinteoirí ar fáil i dTeach an Fhionnuisce chun nach mbeadh ar an bhfoireann turas na cathrach a thabhairt go Teach Lansdúin áit a mbíonn na ranganna ar siúl de ghnáth. Bhí an oiread sin daoine ag iarraidh dul chuig na ranganna i dTeach an Fhionnuisce go raibh ar an Ionad Oiliúna dream eile – *Gaelcultúr* - a fhostú le freastal ar an éileamh. Oibríonn *Gaelcultúr* le roinnt eagraíochtaí poiblí agus leis an Státseirbhís agus cuireann siad a ranganna in oiriúint do riachtanais na rannóga éagsúla. Déantar cumas Gaeilge an lucht foghlamtha a mheas go tapa trí phíosa scríbhneoireachta i gcás *Gaeleagras* nó ó bhéal i gcás *Gaelcultúr* agus rangaítear iad ansin de réir a leibhéal cumais. Leagtar béim sna ranganna ar na scoláirí a chur ag labhairt le chéile as Gaeilge agus iad i ngrúpaí beaga nó ina mbeirteanna agus páirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí sa seomra ranga. Ceann de na buntáistí móra a bhaineann leis an bhfoireann a bheith i ranganna le chéile is ea ná go mbíonn a fhios acu cé eile san oifig nó sa bhfoirgneamh atá ag foghlaim Gaeilge, agus méadaíonn sé sin na deiseanna a bhíonn acu Gaeilge a chleachtadh idir na ranganna. Ghlac an fhoireann atá bunaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath páirt i ranganna *Gaeleagras* in ionaid chúige mar Thulach Mhór, Port Láirge agus Gaillimh. Rinne foireann oifig Cheatharlach, faoi threoir Ray Keyes, socrú go dtiocfadh múinteoir de chuid na háite chun na hoifige tráthnóna amháin sa tseachtain le cabhrú leis an bhfoireann snas a chur ar a gcuid Gaeilge. Cúis iontais dá múinteoir Eoin Ó Beaglaoich ab ea a dhíograisí is a bhí na scoláirí sa rang meánchumais. "Bíonn slua breá ag freastal ar na ranganna," ar seisean agus dúirt go dtarlaíonn sé go minic i gcás ranganna eile sa tráthnóna go gcuireann daoine síos a n-ainmneacha agus go n-éiríonn siad as tar éis seachtain nó dhó. "Déanaimid iarracht atmaisféar spraoiúil a chruthú agus spreagaimid daoine le bheith ag foghlaim gan brú gan náire. Ní bhíonn sé ar siúl ach ar feadh dhá uair an cloig sa tseachtain agus tá sé sin maith go leor. Is maith an rud é go dtagann siad fiú mura mbíonn siad ag cleachtadh idir na ranganna. Is é an rud is tábhachtaí ná an teanga agus spéis inti a choinneáil beo. Téigh chuig

*www.finance.gov.ie/gaeleagras nó www.gaelchultur.com* chun tuilleadh a fháil amach faoi ranganna Gaeilge.

## SCÉAL GIÚRÓRA

D'fhoilsíomar alt i mí Iúil 2008 inar thug giúróir cuntas ar a thaithí. Dhírigh an t-alt ar ghnéithe eile seachas na rudaí a tharla le linn na trialach agus scríobhadh é ar bhealach nach bhféadfaí na páirtithe a aithint nó aon duine a raibh baint aige nó aici leis an triail. Foilsíodh é mar aiseolas don tSeirbhís Chúirteanna faoin gcaoi ar éirigh le giúróir nuair a glaodh chun seirbhíse giúróra é agus faoin gcaoi ar eagraíodh é. Glacaimid leis anois nár chóir ailt le giúróirí a fhoilsiú agus geallaimid dár léitheoirí nach dtarlóidh a leithéid arís.

Is deacair a chreidiúint uaireanta nuair a bhreathnaítear ar na feabhsúcháin ollmhóra atá déanta ar chóras cúirteanna na hÉireann gur eagraíocht réasúnta óg í an tSeirbhís Chúirteanna. Caithimid súil siar ar deich mbliana lán d'athruithe móra.




*An tAire John O'Donoghue in éineacht leis an bPríomh-Breitheamh Liam Hamilton ar Lá a Bunaithe, 9 Samhain 1999*



*An Breitheamh Susan Denham, Cathaoirleach Ghrúpa Oibre um Choimisiún na gCúirteanna*

# AN TSEIRBHÍS CHÚIRTEANNA DEICH MBLIANA AR AN BHFÓD

Tá sé deich mbliana ó bhí foráil san Acht um Sheirbhís Chúirteanna, 1998 go mbunófaí eagraíocht nua neamhspleách ar a dtabharfaí an tSeirbhís Chúirteanna. Bunaíodh an eagraíocht sin sa bhliain 1999. Bhí dúshláin mhóra le sárú aici a bhí tugtha sna tuarascálacha mionsonraithe a rinne Grúpa Oibre um Choimisiún na gCúirteanna a raibh an Breitheamh Susan Denham i gceannas air. Ba bheag athrú a tháinig ar chóras cúirteanna na hÉireann ó bunaíodh é i 1924, agus bhíodh moill fada ann maidir le cinntí a dhéanamh faoi chásanna, bhí brú rómhór oibre ar an bhfoireann agus bhí struchtúr lag eagraíochtúil ann. Mhínigh an Grúpa Oibre a thromchúisí is a bhí an scéal agus iad ag moladh go mbunófaí eagraíocht nua. "Is í an phríomhsheirbhís a chuireann córas cúirteanna ar fáil ná bealach a sholáthar ina bhféadfaidh an pobal ceartas a fháil. Coisceann seirbhís mhí-éifeachtach ceartas." Bhíodh a lán oifigí cúirte ag feidhmiú beag beann ar a chéile. Ní raibh leas á bhaint as modhanna nua-aimseartha bainistíochta agus ba bheag pleanáil straitéiseach a dhéantaí. Bhíodh ar an bhfoireann a ndúthracht agus a gclisteacht féin a úsáid chun na bearnaí a líonadh i gcóras cian ilroinnte. Ba í dianobair na foirne féin agus an chaoi a raibh siad sásta breis oibre a dhéanamh ar son na gcúirteanna buanna móra an chórais. Ba ghnáth le foireann an cúirte uaireanta breise oibre a dhéanamh chun liostaí an-troma a chríochnú - faoi mar a tharlaíonn fós sa lá atá inniu ann. Níl aon amhras ach go raibh dea-mhéin ag daoine i leith na Seirbhíse Cúirteanna nuair a bunaíodh í, agus go raibh an scéal amhlaidh de thoradh an chaidrimh a bhí ag an bhfoireann leis na pobail dlí áitiúla agus de bharr na muiníne a cruthaíodh agus na dea-sheirbhíse a bhí ann i gcaitheamh na mblianta.

## DEICH MBLIANA D'ATHRUITHE

- Tugadh isteach struchtúir/córais/teicnící nua-aimseartha bainistíocha
- Cuireadh Clár Teicneolaíochta Faisnéise ollmhór i bhfeidhm
- Rinneadh leasú ar nósanna imeachta, ar rialacha agus ar reachtaíocht
- Cuireadh clár mór tógála agus Tionscadail CPP san áireamh i bhfeidhm
- Rinneadh forbairt ar Cúirt Dlí Teaghlaigh (agus tuairisciú)
- Rinneadh bainistiú airgeadais agus cistí
- Cineachadh feidhmeanna chuig bainisteoirí áitiúla
- Cuireadh córas aontaithe foirne ar fáil mar aon le tionscnaimh maidir le leasuithe ar bhainistiú acmhainní



*Láithreán tréigthe i Luimneach roimhe...*

D'fhógair an Grúpa Oibre um Choimisiún na gCúirteanna i moladh tábhachtach a rinne siad go mba oiriúnach an rud é dá n-oibreodh breithiúna i gcomhar le daoine ar an mBord agus ar a choistí. Murach gur tharla sé seo ní bheifí in ann an dul chun cinn a rinneadh a dhéanamh ar chor ar bith. Ní haon ionadh go mba ábhar imní é seo de bharr na forála atá sa bhunreacht faoi dheighilt na gcumhachtaí. Rinneadh an scéal a chíoradh go mionn agus chinn an Grúpa oibre nach mbeadh sé míchuí do bhreithiúna oibriú le daoine eile ar an mbord ó ba rud é gur bhain feidhmeanna na Seirbhíse nua le bainistiú agus riaradh na gcúirteanna agus ní le riaradh an cheartais féin. Ba sa chomhthéacs dúshlánach seo a ceapadh P.J Fitzpatrick, atá chun éirí as oifig go luath, mar chéad phríomhfheidhmeannach na Seirbhíse Cúirteanna. Ba ghearr gur chuir sé tús le clár athraithe agus bhí stíl bainistíochta aige a leag béim láidir ar dhul i gcomhairle le daoine, ar chomhpháirtíocht agus ar chaidreamh fónta oibre, a bhí sainmhínithe go soiléir, leis na breithiúna. Ba mhór an tairbhe agus an compord dó nuair a tháinig sé ar dtús go bhféadfadh sé glaoch ar bhaill foirne a raibh na blianta, agus fiú deicheanna de bhlianta, de ghaois na hinstitiúide acu. Bhí chuid de na daoine seo chun róil riaracháin agus bainistíochta a ghlacadh chucu féin go luath don chéad uair. D'éirigh le cur chuige na bainistíochta nua an eagraíocht a bhrú i dtreo an phríomhchuspóra sin a leag an Grúpa Oibre síos ina cheathrú tuarascáil agus ar thug siad "Seirbhís Chúirteanna a mbeidh a cuid struchtúir go léir aontaithe le chéile" air.

## Feabhsú na bhfoirgneamh

Ba í an bhail a bhí ar na foirgnimh an comhartha ba shoiléire ar dtús de na fadhbanna a bhí ag córas na gcúirteanna. Thug an Grúpa Oibre le fios, mar shampla, go raibh "an-dhrochbhail go deo" ar a lán de thithe cúirte an Stáit. Ba mhacánta lom an cur síos é agus sa tréimhse ó rinneadh é tógadh 50 teach cúirte as an nua nó rinneadh athchóiriú orthu agus rinneadh uasghrádú ar bhreis agus céad ceann eile. Is é an rud is tábhachtaí ná gur féidir an ceartas a riaradh in ionaid mhaorga anois de bharr nuachóiriú na dtithe cúirte.

## Forbairt córas TFC

Feabhsaíodh na córais TFC go tapa. Cuireadh an bonneagar le tacú le teicneolaíocht gnó ar fáil ar fud na tíre agus cuireadh tacar lárnach feidhmeanna ar fáil le tacú le riachtanais gnó. Cuireadh cáblaí le haghaidh teicneolaíocht faisnéise isteach i ngach oifig ar fud na tíre laistigh de bhliain. Suiteáladh líonraí áitiúla agus líonraí leathana agus cuireadh ar fáil iad do na baill foirne agus do bhreithiúna sa chaoi go bhfuil 50 láthair ar fud na tíre nasctha le chéile in aon líonra corparáideach amháin. Cúis áthais dúinn an t-athrú mór seo ón gcaoi



*...agus ina dhiaidh*

daonna (bainistíocht feidhmíochta, rannóg oiliúna, inniúlachtaí oibre, clár bainistithe athruithe, rannpháirtíocht fostaithe, cultúr)
- Bainistiú cásanna breithiúnacha agus riaracháin (An Chúirt Tráchtála, An Chúirt Iomaíochta, An Dlí Teaghlaigh, Cláraitheoirí, is araile)
- Faisnéis don phobal
- ríomhRialtas - láithreáin ghréasáin, Éilimh Bheaga ar Líne, liostaí cúirte (Dialann Dlí) ar líne, breithiúnais ar líne, Cuardach Ard-Chúirte ar líne, Íocaíocht Fíneála Ar Líne.



*Teach Cúirte Bhaile Átha Fhirdhia*

ina raibh cúrsaí i 1999 nuair ab annamh a bhíodh ríomhaire in aon oifig cúirte.

## Bainistiú cistí cúirte

Ba iad na hoifigí féin a dhéanadh a gcistí cúirte a bhainistiú roimhe seo, rud a bhí an-bhaolach. Thosaigh an tSeirbhís go déanach sa bhliain 2001 ag athstruchtúrú an chaoi a dhéantaí na cistí sin a infheistiú. Ba é an toradh a bhí air ná gur bunaíodh roinnt cistí a bhí curtha in oiriúint do chuspóirí áirithe i Meán Fómhair 2003. Rinneadh formhór na gcistí cúirte a infheistiú ina dhiaidh sin de réir na socruithe nua, lena n-áirítear iad a chur sna sócmhainní Cúirte Dúiche agus Cuarda agus sna cistí Ard-Chúirte. Bunaíodh Coiste Infheistíochta sa bhliain 2002 le maoirsiú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na socruithe ar thug an Bord faomhadh dóibh maidir le bainistiú agus infheistiú chistí na cúirte. Is éard atá i mballraíocht na Comhairle ná ionadaithe na mbreithiúna, na n-oifigeach cúirte atá freagrach as cistí cúirte agus ionadaí seachtrach neamhspleách amháin.

## Dul i gcomhairle le lucht úsáidte

Rinneadh iarrachtaí ag gach céim dul i gcomhairle le dreamanna níos leithne. Bunaíodh grúpaí úsáidte na gcúirteanna. Bíonn ionadaithe ag an heagraíochtaí sin agus ag daoine eile a úsáideann na cúirteanna nó na hoifigí cúirte ar na grúpaí seo le deimhin a dhéanamh de go gcuirtear san áireamh dearcadh agus moltaí na ndaoine sin a bhfuil dlúthbhaint acu le feidhmiú córas na gcúirteanna nuair atá beartais agus tionscnaimh á bhforbairt is á gcur i bhfeidhm. Is fóram úsáideach iad freisin chun tuairimí a mhalartú agus cabhraíonn siad leis an lucht úsáidte tuiscint a fháil ar riachtanais agus ar ábhair imní na ndaoine eile. Féadfaidh tú léamh faoi na cruinnithe a bhí ar siúl i mbliana ar leathanach 9.



## Soláthar faisnéise

Lena chois sin cuireadh faisnéis ar fáil go forleathan. Bíonn staitisticí agus anailís níos mionsonraithe faoi oibríochtaí cúirte le fáil gach bliain inár dTuarascálacha Bliantúla. Foilsíodh roinnt leabhrán faisnéise faoi ábhair éagsúla ar nós teacht chun cúirte mar fhinné, cé hiad na daoine éagsúla sa seomra cúirte agus cad ba chóir duit a dhéanamh má ghlaoitear ort le bheith i do ghiúróir. Tá réimse leathan agus an-éagsúlacht faisnéise le fáil ar láithreán gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna, lena n-áirítear liostaí laethúla cúirte agus breithiúnas, agus is féidir roinnt seirbhísí ar líne a rochtain air, lena n-áirítear *Éilimh Bheaga Ar Líne* agus *Íocaíocht Fíneála Ar Líne*. “Tá ceist athruithe agus forbartha bhainistíocht cúirte faoi chaibidil in a lán tíortha inniu de bharr an fháis atá tagtha ar mhéid agus ar chastacht cúrsaí dlíthíochta ar fud an domhain.” Ba é sin a dúirt an Grúpa Oibre um Choimisiún na gCúirteanna i 1999 agus é ag tagairt don obair ar chuir siad tús leis trí bliana roimhe sin - agus tá an méid sin fíor inniu freisin.

# GLAO COMHDHÁLA LE HAGHAIDH SEIRBHÍSÍ CÚIRTEANNA



Rinne Seirbhís Chúirteanna Thuaisceart Éireann óstáil ar a gcomhghleacaithe ó Sheirbhís Cúirteanna na hÉireann, Seirbhís Cúirte na Banríona (Sasana agus an Bhreatain Bheag) agus Seirbhís Cúirte na hAlban mar aon le hionadaithe cúirteanna Gheirsí, Geansaí agus Oileáin Mhanainn ag 'Comhdháil na gCúirteanna 2008 a reáchtáladh i mBéal Feirste le déanaí. Eagraíodh é sa chaoi go raibh seisiúin ann dar teideal 'Rialachas agus Cuntasacht', 'Feabhsú Gnó' agus 'Níos Mó a Dhéanamh le Níos Lú', agus d'inis na teachtaí dá chéile faoin taithí a bhí acu ar réimse ábhar lena n-áirítear forbairt beartais, leasú agus obair a dhéanamh i saol an lae inniu agus cúrsaí airgeadais mar atá. I measc na ndaoine a labhair bhí an príomhfheidhmeannach PJ Fitzpatrick agus na Stiúrthóirí Nuala McLoughlin agus Sean Quigley. Mhol na hionadaithe an obair iontach eagrúcháin a bhí déanta ag Sandra Moore agus ag a foireann agus dhearbhaigh siad athuair an luach atá ag na comhdhálacha bliantúla seo. "Tugann siad deis iontach dúinn oibriú mar chomhghuaillithe agus foghlaim óna chéile," a dúirt an Príomhfheidhmeannach PJ Fitzpatrick a bhí ag glacadh páirte sa chomhdháil dheireanach aige.

Bhí slua mór i láthair i mbliana ag an Aifreann bliantúil a cuireadh le hanamacha na mball foirne agus na mbreithiúna nach maireann agus le hanamacha gaolta na mball foirne agus na mbreithiúna nach maireann. Ba iad an tSeirbhís Chúirteanna i gcomhar le hÚdarás Clárúcháin Maoine na hÉireann a d'eagraigh é.



*Clé go Deas Michael Sullivan agus Brenda Sullivan, Phyllis Curtin agus Pat Curtin*



*Baill reatha agus baill ar scor Údaráis Chlárúcháin Maoine na hÉireann ag baint taitnimh as an ócáid le chéile. Sa ghrianghraf ó chlé go deas: Richard Sherlock, Frank Fitzgerald, Bríd Hennelly, Nancy Duffy, Eileen Keenan, Pat O'Brien, Mary McNamee agus Brendan Fitzgerald*



# CONAS AIRGEAD A SHÁBHÁIL GO SIMPLÍ

**Ós rud é go bhfuil daoine gafa le smaointe faoin ngéarchor creidmheasa, faoi chrapadh eacnamaíochta agus margaí marbhánta agus faoin drochbhail atá air seo siúd is uile sa saol airgeadais tá roinnt bealaí simplí ag Gerry Curran chun cúpla scilling a choimeád i do phóca agus dearmad a dhéanamh ar an nduairceas go léir, nó ar an mbinnbharaíocht airgeadais a bhíodh ann roimhe**

Nuair a théadh ár dtuismitheoirí amach ag siopadóireacht is ag iarraidh riachtanais na beatha a fháil a bhíodh siad, ach d'athraigh an saol go dtí gurb í an tsiopadóireacht an caitheamh aimsire ab fhearr ar domhan, agus bhí sé mar 'riachtanas' ag daoine rudaí a fháil a bhíodh ina n-ábhair ollmhaitheasa san am atá thart. An gá dúinn ceithre chóta geimhridh nó níos mó a bheith againn nach n-úsáidimid ach ar feadh cúpla mí sa bhliain agus nach gcaithimid ach ón mbaile go dtí an oifig nó go dtí an carr gach lá?

### Cúrsaí Iompair

Is fiú go mór dul ag siopadóireacht chun árachas cairr agus taistil a fháil. Is iondúil go luafar praghsanna éagsúla leat má ghlaonn tú ar thrí nó ar cheithre chuideachta árachais. Féadfaidh tú airgead a spáráil má chuireann tú na ceithre ghlaoch sin fiú má tá tú le cuideachta leis na blianta, nó má tá bróicéir agat nó má tá árachas grúpa agat le ceardchumann nó le comhlachas. Cuireann an Chuideachta Árachais Sláinte Saorálaigh agus cuideachtaí árachais sláinte eile árachas taistil ar fáil ar thart faoi €50 agus is cuma cé mhéid turas a dhéanann tú. Is mór an spáráil airgid é seo in áit polasaí faoi leith a fháil le haghaidh gach turas thar lear.

### Siopadóireacht Baile agus Earraí Grósaera

Ní gá duit dul ag tochailt salachair faoi mar a bhí sa 'Good Life' nó cairn ghiobal agus cnámh a bheith agat faoi mar a bhíodh i 'Steptoe and Son' chun airgead a spáráil. Is iomaí bealach atá ann chun costais neamhriachtanacha a sheachaint agus earraí a athúsáid gan boladh an bhochtanais a chruthú agus gann filleadh ar an árasán aonseomra sin a b'fhearr leat dearmad a dhéanamh air.

- Tá ard-bhrandaí den rís fhada beagnach trí uaire níos daoire ná branda an ollmhargaidh féin agus ceithre uaire níos daoire ná an branda simplí gan aon rud breise
- Féadfaidh brandaí tae a bheith 40-50% níos daoire ná branda an ollmhargaidh féin agus trí uaire níos daoire ná branda simplí gan aon rud breise
- Ullmhaigh greim breise duit féin nuair a bhíonn tú ag cócaráil agus cuir sa chuisneoir é don tráthnóna sin nuair a bheidh brú ama ort agus fonn ort mearbhia a cheannach
- Déan an rud céanna leis an bhfuílleach nó tabhair leat é mar lón lá arna mhárach
- Déan do cheapairí féin agus tabhair torthaí leat i gcomhair lóin agus le haghaidh sosanna tae
- Seiceáil na dátaí 'úsáid roimh' nó 'níos fearr roimh' in ollmhargaí chun sladmhargaí a fháil Is fiú a thabhairt faoi ndeara go dtugann a 'úsáid roimh' le fios gur earraí meatacha iad nach mairfidh rófhada Tugann 'níos fearr roimh' dáta molta lena úsáid. Ní rabhadh sláinte é
- Déan málaí ceapairí, málaí reoiteora agus málaí plaisteacha agus páipéir an ghrósaera glasraí a athúsáid
- Bíodh seachtain agat ina n-ullmhóidh tú biachláir bunaithe ar na rudaí a chaithfidh tú a úsáid go luath agus cad atá sna cófraí tirime
- Téigh chuig *www.cookingbynumbers.com* - liostáil na comhábhair atá agat agus tabharfaidh sé oidis duit
- Ná téigh ag siopadóireacht nuair a bhíonn ocras ort (cruthaíodh go gcuireann daoine níos mó sa tralaí má bhíonn ocras orthu)
- Cuir an tae ó seanmhálaí tae ar na plandaí sa ghairdín

### An Teaghlach agus Sláinte

Bíonn leaganacha ginearálta de leigheasanna suas le 80% níos saoire go minic ná na brandaí ardnósacha.

### Laethanta Saoire

Bíodh saoire sa bhaile agat. Ná taisteal, agus ná fág an baile fiú, ach déan do shaoire a pleanáil mar is gnáth agus cuir deireadh le costas taistil agus cóiríochta!

- Athraigh an teachtaireacht ar na teileafóin go 'táimid ar saoire - labhróimid leat i gceann coicíse'
- Nígh agus iarnáil dóthain coicíse d'éadaí saoire nó d'ábhair eile a oirfidh don aimsir
- Faigh amach céard atá ar siúl agus déan rud difriúil gach lá faoi mar a dhéanfá dá mbeifeá ar saoire
- Ná téigh chuig aon áit a rachfá chuige de ghnáth
- Ná measc le do chairde ná le do ghaolta mura bhfuil siad 'ar saoire' leat
- Ná héist leis an nuacht áitiúil agus ná ceannaigh nuachtán áitiúil ach oiread
- Téigh chuig áiteanna nach dtéann tú chucu de ghnáth
- Téigh chuig músaeim nó chuig gailearaithe atá saor nó nach mbíonn ach táille beag le dul isteach iontu, agus is fiú cuimhneamh mura mbíonn sé ag cur báistí, go bhfuil sé saor dul faoin tuath agus go bhfuil an cuimse tránna agus sléibhte againn.
- Cuir puball sa ghairdín cúil má tá gasúir agat agus abair leo dul ar saoire campála - nó má tá sé ag cur sceana gréasaí suigh ar urlár an gharáiste nó sa halla agus bíodh picnic agat. Is minic go mbíonn samhlaíocht seafóideach ach is mór an spórt é agus ní chosnaíonn sé mórán! Bain sult as!




## Ag tacú leis an tSeachtain Eorpach um Shláinte agus Shábháilteacht

Is é 'Measúnú Priacail' an téama reatha atá ag an tSeachtain Eorpach um Shláinte agus Shábháilteacht ag an Obair. Is é seo an próiseas chun na priacail do shláinte agus shábháilteacht oibrithe de bharr guaiseacha san ionad oibre a mheas. D'eagraigh Comhordaitheoir Sláinte agus Sábháilteachta na Seirbhíse Cúirteanna, Eva Font, sraith ceisteanna chun feasacht a spreagadh faoi ghuaiseacha san ionad oibre. D'iarr sí ar an bhfoireann 8 nguais as 15 a aithint sa chartún thuas a léiríonn guaiseacha a d'fhéadfadh a bheith in oifig. Fuair sí breis agus 100 iontráil agus ba é John Harding ón bPríomh-Oifig sna Ceithre Cúirteanna an buaiteoir.

**Seo iad na guaiseacha a léirítear sa chartún:**

1. Bean ag léamh leabhair agus í ag siúil tríd an oifig agus níl sí ag breathnú cá bhfuil sí ag dul
2. Doras Dóiteáin coinnithe ar oscailt ag dhá bhosca
3. Cailín ina seasamh ar chathaoir agus í ag stóráil rudaí os cionn a chéile (Stóráil go hard)
4. Cailín ag iompar tráidire a bhfuil deochanna te air tríd an oifig
5. Leacht te doirte ar an urlár
6. Fear ag iompar crua-earraí ríomhaire nuair is léir go bhfuil sé faoi strus
7. Mála láimhe fágtha taobh le hionad deisce (guais tuisle)
8. Fear ag cur tonóra i dtaisce i gcófra agus an tonóir ag sileadh ó bhun an athlíonta (lena chois sin tá sé i bhfolach laistiar de dhoras an chófra agus d'fhéadfadh an doras é a bhualadh nó d'fhéadfaí tuisle a bhaint as duine ag dul thairis)
9. Fear ag caitheamh pinn chuig comhghleacaí
10. Fear lena chosa ar dheasc nuair atá sé ina shuí ar chathaoir sclóine
11. Bean ag ríomhaire taobh le fuinneog nach bhfuil dallóga uirthi agus deacrachtaí aici scáileán an ríomhaire a fheiceáil de bharr na gréine (straidhn súl is araile)
12. Adaptar in úsáid faoi deasc agus é forluchtaithe (lena chois sin níl na sreanga clúdaithe i gceart)
13. Fear ag a dheasc agus comharthaí follasacha struis air
14. Deasc míshlachtmhar agus tarraiceán fágtha tarraingthe amach (D'fhéadfadh duine bualadh ina choinne agus tá páipéarachas ar an talamh a d'fhéadfadh tuisle a bhaint as duine)
15. Canna ag cur thar maoil faoin deasc taobh leis na soicéid forluchtaithe



An comhordaitheoir sláinte agus sábháilteachta, Eva Font, ag bronnadh na duaise ar John Harding

# An Breitheamh Derek McVeigh



Cúis mhór bróin ab ea an nuacht go bhfuair an Breitheamh Derek McVeigh bás in aois a 62, go mór mór ina chontae dúchais Dún na nGall agus i nDeisceart na hIarmhí, áit ar chaith sé mórchuid dá shaol. Ba as Lána an Teampaill, Leitir Ceanainn, do Derek agus fuair sé a chuid oideachais ag Coláiste Naomh Adhamhnáin agus ina dhiaidh sin sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (BCL 1968) agus ag Dlí-Chumann Corpraithe na hÉireann. Bhain sé amach cáilíocht mar aturnae le linn na Cásca 1970 tar éis dó a bheith ina phrintíseach le Tom Furlong nach maireann. Chuaigh Derek ag obair leis an ngnólacht Fair & Murtagh i mBaile Átha Luain i 1972 agus rinneadh comhpháirtí de i 1975. Ba ghearr a thóg sé air cleachtas mór a chuir i dtoll a chéile dó féin sna cúirteanna go léir agus thuill sé cáil go tapa agus go buan mar shaineolaí i ndlíthíocht díobhálacha pearsanta agus é ag gníomhú thar ceann gearánaithe agus cosantóirí. Bhí páirt aige in a lán cásanna substaintiúla lena n-áirítear ceann a socraíodh i 1995 ar IR£3.7M. Ba é sin an tsuim ba mhó a íocadh riamh mar chúiteamh as damáistí sa dlínse seo go dtí le deireanas. Ceapadh Derek ina bhreitheamh de chuid na Cúirte Dúiche in Aibreán 2005. Bhíodh sé in shuí in áiteanna ar fud na tíre agus cuireadh fáilte roimhe gach áit mar bhreitheamh cneasta cóir. Bhí sé dúthrachtach maidir le cúrsaí dlí agus an-spéis aige ann agus an-eolas aige air agus bhí fonn air i gcónaí foghlaim faoi reachtanna agus cinntí agus a chuid eolais a choinneáil cothrom le dáta. Mar bharr air sin uile bhí nádúr macánta ann a chonaic an maitheas a bhí i ngach aon duine idir rógairí, comhghleacaithe, agus custaiméirí ina chúirt. Bhí an-bhá aige le daoine agus níor tháinig aon laghdú ar an gcumas a bhí ann smaoineamh ar leas daoine eile nuair a rinneadh breitheamh de. Bhí an-spéis aige i gcúrsaí spóirt. Bhíodh áthas air a chur i gcuimhne duit gur imir sé ar fhoireann peile mionúr Dhún na nGall agus bhí sé gníomhach ina lán eagraíochtaí spóirt i rith a shaoil. Galfaire cumasach a bhí ann agus é ina bhall de Chlub Gailf Bhaile Átha Luain agus de Chlub Gailf agus Tuaithe an Ghlasáin a raibh sé ina iontaobhaí air thar ceann na mball. Bhí sé gníomhach i gcúrsaí peile agus rugbaí faoi aois agus bhí baint aige lena lán rudaí a bhain le Cumann Rugbaí na Buccaneers. Bhí sé ina bhunaitheoir agus ina bhall de Chlub Gailf an Bharra Lár Tíre agus é ina uachtarán air i mbliana. Bhí páirt fhuinniúil dhíograiseach aige ina lán eagraíochtaí cathartha agus pobail agus ba mhór an tairbhe dóibh a chomhairle agus an t-am a chaith sé leo. Thar aon rud eile ba bhreá le Derek a bheith lena theaghlach. Bhí ceann de na tithe ba shona in Éirinn aige féin agus ag a bhean Frances (Jackson) agus ag a chlann mhac Joseph, Conor, Paul agus Stephen. Chothaigh sé an grá don spórt agus spiorad an ionracais agus na macántachta a bhí aige féin iontu agus bhain sé an taitneamh céanna as a ngaiscí iomadúla is a bhain sé as a ghaiscí féin. Cúis mhéala dá bhean, dá chlann mhac, dá dheirfiúr Stephanie agus dá chairde iomadúla a imeacht ach tá siad buíoch go raibh baint acu le saol duine fhíormhaith.

> Bhí nádúr macánta i Derek a chonaic an maitheas a bhí i ngach aon duine idir rógairí, comhghleacaithe, agus custaiméirí ina chúirt.

*Raymond Groarke*

# Ceapadh an tUasal John Cooke ina Bhreitheamh Ard-Chúirte

Glaodh an Breitheamh Cooke chun an Barra i 1966 agus glacadh leis i mBarraí Shasana agus na Breataine Bige, Thuaisceart Éireann agus New South Wales. Chleachtaigh sé ceird an abhcóide idir 1966 agus 1996 agus glaodh é chun Barra na Sinsear (Abhcóide Sinsearach) in Éirinn i 1980 agus i New South Wales i 1991. Bhí an breitheamh nua ina Uachtarán ar Chomhairle Dlíchumann agus Cumann Barraí an Chomhphobail Eorpaigh (CCBE) idir 1985 agus 1986. Tá sé ina Bhinseoir ag Cumann Onórach Óstaí an Rí, Baile Átha Cliath agus ina Bhinseoir Oinigh ag Lincoln's Inn, Londain. Sular ceapadh é bhíodh an Breitheamh Cooke ina bhreitheamh ar Chúirt Chéadchéime na hEorpa a bhfuil breitheamh amháin ar a laghad uirthi ó gach Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh.

# Breitheamh nua na Cúirte Dúiche

Ceapadh an tUasal Dermot Dempsey ina bhreitheamh ar an gCúirt Dúiche. Aturnae is ea an Breitheamh Dempsey. Bhíodh a chleachtas féin aige i mBaile Átha Buí i gContae na Mí sular ceapadh é le deireanas. Tá an-taithí aige sna cúirteanna go léir go mór mór i réimsí tíolactha, dlíthíochta, cásanna coiriúla agus dlí teaghlaigh. Tá céim BCL aige ó Choláiste na hOllscoile Belfield agus cuireadh ar rolla na n-aturnaetha é i 1979.



# Toghann an Dlí-Chumann Uachtarán nua



Toghadh John D. Shaw ina Uachtarán ar Dhlí-Chumann na hÉireann le déanaí. Leanann sé a athair agus a sheanathair a raibh an post seo acu roimhe. Comhpháirtí an gnólachta dhlí J.A Shaw & Co. An Muileann gCearr, Co na hIarmhí, is ea John. Caithfidh sé bliain amháin go Samhain 2009 mar uachtarán ar ghairm na n-aturnaetha a bhfuil 12,000 ball inti. Fuair John a chuid oideachais i mBunscoil na mBráithre sa Mhuileann gCearr agus i gColáiste Choill Cluana Gabhann, Contae Cill Dara. Bhain sé amach céim BCL i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Bhí sé mar phrintíseach ag a athair Tom agus bhain sé amach cáilíocht mar aturnae ag Plás Blackhall, Baile Átha Cliath i 1989. Chleacht sé sa gnólacht dlí J.A. Shaw & Co. ó shin. Ceapadh John mar bhall de Chomhairle Dhlí-Chumann na hÉireann i 1992. Tá sé ina bhall den Údarás Clárúcháin Maoine a dtugtaí Clárlann na Talún air tráth.

# Ceapacháin Foirne



Tá

**Geraldine Hurley** ceaptha mar Phríomhoifigeach Oibríochtaí in Ollionad nua na gCúirteanna Coiriúla. Beidh sí ag fágáil an phoist a bhíodh aici mar Shannaí Oifigiúil i bhFéimheacht ó Feabhra 2007. Bhíodh sí ina hOifigeach Pearsanra le dhá bhliain roimhe sin.



**Ceapadh Chris Lehane** ina Shannaí Oifigiúil i bhFéimheacht. Tá sé ag fágáil na hOifige Probháide áit a bhíodh sé ina Oifigeach Probháide Cúnta le blianta beaga anuas. Bhí sé ina Oifigeach Réigiúnach Lár Tíre freisin.



**Tá John Glennon** ceaptha ina Oifigeach Probháide Cúnta. .

# Téann an Breitheamh Oliver McGuinness ar scor

Shuigh an Breitheamh Oliver McGuinness i gCúirt Dúiche Shligigh don uair dheireanach ar an Déardaoin 6 Samhain. Ba léir ón slua a bhí ag plódú isteach sa seomra cúirte an mhaidin sin go raibh meas mór ar an mBreitheamh McGuinness. Bhí Paul Deering ón *Sligo Champion* sa chúirt an mhaidin sin faoi mar a bhíodh sé gach Déardaoin a chaith an Breitheamh McGuinness ag freastal ar Chúirt Dúiche Ceantar Uimh. 2 le ceithre bliana déag anuas. Thaifid sé na moltaí iomadúla a thug daoine ó na gairmeacha go léir a bhíonn ag plé le gnó na cúirte don Bhreitheamh McGuinness. Ba í an Breitheamh Miriam Malone a labhair ar dtús agus thug sí aitheantas don spreagadh agus don chomhairle fhónta a thug an Breitheamh McGuinness di i gcaitheamh na mblianta. Labhair an Breitheamh John O'Hagan faoin gcaoi arb iontach an tairbhe do na Breithiúna é an Breitheamh McGuinness a bheith ina measc. Dúirt An Cláraitheoir Contae Kieran Mc Dermott gur reáchtáil an breitheamh a chúirt ar bhealach daingean cóir. Mhol an tAbhcóide Sinsearach John Finlay na deiseanna iomadúla a thugadh an Breitheamh McGuinness do na cosantóirí. Chuir an tUasal Finlay aithne ar an mBreitheamh McGuinness den chéad uair nuair a bhí seisean (an Breitheamh) ag obair mar aturnae i gCora Droma Rúisc. Mhol sé é agus dúirt go mba céile comhraic cumasach é, agus go gcuireadh sé fáilte roimh bhaill ní ba shóisearaí den Bharra a bhí ag tosú amach teacht chuige. Bhí an scéal céanna ag an gCigire Gerry Connolly nuair a dúirt sé go mbíodh an Breitheamh McGuinness foighneach i gcónaí le Gardaí óga agus le haturnaetha a bhí ag tosú ar a ngairmeacha. Ghabh Hugh Sheridan ó Oifig na nIonchúiseamh Poiblí agus Helena Morrison ón tSeirbhís Phromhaidh agus Leasa araon buíochas leis an mBreitheamh McGuinness thar ceann a n-eagraíochtaí agus na ndaoine go léir a raibh siad mar ionadaithe acu. Dúradh faoin mBreitheamh McGuinness go mba éisteoir maith é is go raibh sé béasach, dúthrachtach foighneach trócaireach. Chuaigh trí eagraíocht áitiúla i dteagmháil le teach cúirte Shligigh chun gach rath a ghuí ar an mBreitheamh McGuinness agus chun buíochas a ghabháil leis as an gcaoi ar úsáid sé bosca na mbocht i dTeach na Cúirte chun an-tacaíocht a thabhairt dóibh. Mhol Cléireach na Cúirte Dúiche, Bill Cashell, an Breitheamh McGuinness as ucht a féile is a bhí sé lena chuid ama, go mór mór le daltaí na scoileanna áitiúla a thagadh ar cuairt chun na cúirte. Bhuaileadh sé leis an rang roimh an seisiún cúirte agus bhíodh sé ag caint leo ina dhiaidh agus d'fhreagraíodh sé a gcuid ceisteanna. Ghabh Bill buíochas leis an mBreitheamh as ucht suí gan gearán agus gan faighte aige ach fógra gearr agus as laethanta saoire a chaitheamh ag déileáil le riaráistí liostaí na cúirte. Dúirt sé go raibh an t-ádh dearg leo i Sligeach gur sainíodh an Breitheamh McGuinness chun na cúirte sin.



*Bronntanas á thabhairt don Bhreitheamh Oliver McGuinness ar ócáid a dhul ar scor*

# Fágann Pat Looney slán le Loch Garman

Oibrí díograiseach ab ea Pat Looney agus níorbh aon ionadh go raibh slua mór daoine i láthair chun ceiliúradh a dhéanamh ar a dhul ar scor ón tSeirbhís Cúirteanna i Loch Garman. Bhí gairmréim a mhair ceithre bliana is dhá scór go leith aige. Thosaigh sé mar bhall den Gharda Síochána agus lean sé ar aghaidh ina Phríomhchléireach sna Cúirteanna Dúiche i mBaile Átha Luain agus i Loch Garman. Ghabh an Breitheamh Gerry Furlong buíochas le Pat as ucht a chabhrach agus dúirt sé, faoi mar a dúirt na cainteoirí eile go léir, go mba fhoinse an-luachmhar eolais é i gcaitheamh na mblianta. Tá an breitheamh Jim O'Sullivan ar scor é féin agus thaisteal sé ó Luimneach agus chuaigh a chuid cainte go croí ina lucht éisteachta nuair a labhair sé faoin am a chaith sé ag obair le Pat agus chuir sé bailchríoch ar a chuid cainte le "Paidir Pat". Ghuigh an Phríomh-Cheannfort John Roche gach rath ar Pat thar ceann na nGardaí agus dúirt gur thuig Pat an chaoi ar fheidhmigh an dá eagraíocht toisc go mba garda é féin tráth den saol agus go raibh sé in ann an t-eolas seo a chur chun tairbhe an dá eagraíochta. Labhair Margaret O'Neill ó Oibríochtaí na Cúirte Cuarda & na Cúirte Dúiche faoina chairdiúla is a bhí Pat agus faoi thuin Chiarraí a bheith aige agus dúirt go raibh sé ina bhall luachmhar den tSeirbhís Chúirteanna de bharr an eolais a bhí aige ar reachtanna agus nósanna imeachta. Labhair Philomena Sinnott thar ceann fhoireann Pat i gCúirt Dúiche Loch Garman agus dúirt go ndéanfadh Pat a mhíle dícheall cabhrú leo siúd a raibh cúnamh uathu agus mura bhféadfadh sé an gnó a dhéanamh é féin go bhféadfadh sé fear a fháil a dhéanfadh é. Ghabh Pat buíochas leis na baill foirne ban go léir agus dúirt gurb ionann dul isteach san oifig agus Oíche Shamhna a bheith aige gach lá den bhliain! Mar fhocal scoir dúirt sé nach bhféadfadh duine aon jab a dhéanamh gan tacaíocht a chlainne agus d'ardaigh gach aon duine a bhí i láthair a ngloinní agus d'ól siad sláinte Pat agus a theaghlaigh agus ghuigh siad gach rath orthu san am atá le teacht.

# Slua mór i láthair nuair a théann Michael McEvoy ar scor

Cuireadh clabhsúr faoi dheireadh ar ghairmré Michael McEvoy tar éis dó 42 bliain a chaitheamh sa tSeirbhís Phoiblí agus 20 bliain díobh siúd aige mar Phríomhchléireach i gCúirt Dúiche Mhala. Thosaigh Michael ag obair i gCorcaigh agus é sa Gharda Síochána agus rinne sé seirbhís don phobal i gcaitheamh na mblianta in áiteanna éagsúla mar Loch Garman, Eochaill, Cloich na Coillte agus Dún na nGall. Bhí clú air ar fud na tíre mar iniúchóir den scoth nuair a bhí sé ag obair i rannóg an scrúdaitheora sa Roinn Dlí agus Cirt: bhí an-scil aige ag comhardú na gcuntas agus an-eolas aige ar an gCúirt Dúiche. D'aistrigh Michael go Mala mar Príomhchléireach i 1988. Mar fhocal buíochais dúirt an cláraitheoir, Paul Cosgrave, go n-aireodh an fhoireann Michael uathu go mór agus an chaoi a raibh sé in ann déileáil le cásanna íogaire casta, ach thar aon rud eile go n-



*Michael McEvoy (ina shuí sa chéad líne) ag ceiliúradh a imeacht ar scor mar aon lena chomhghleacaithe*

aireodh siad uatha a thacaíocht agus a chairdeas. Thug an Breitheamh Michael Pattwell, an tAturnae Stáit, Frank Nyhan, agus an Cigire Senan Ryan, thar ceann an Gharda, ardmholadh do Michael le linn a laethanta deireanacha sa chúirt. Labhair an Bainisteoir Réigiúnach, Eamonn Kiely, ar dtús thar ceann na Seirbhíse Cúirteanna. Tógadh grianghraf de Michael ansin agus é ina shuí ar chathaoir an bhreithimh agus an Breitheamh Pattwell agus foireann Oifig Mhala timpeall air. Bronnadh cóip i bhfráma den phictiúr iomráiteach seo air nuair a chuaigh sé ar scor ar 7 Samhain. Bhí an t-ionad lán go doras an oíche sin le comhghleacaithe, cairde idir shean agus nua, agus ionadaithe na mbreithiúna, an Gharda agus an lucht dlí. Bhí siad go léir i láthair chun rudaí a thabhairt chun cuimhne, buíochas a ghabháil leis agus slán a fhágáil le fear a aireoidh siad go léir uathu go mór. Thug Paul bronntanas do Michael thar ceann a chomhghleacaithe agus a chairde agus dúirt "Ba cheannasaí agus ba chara den scoth thú leis an bhfoireann go léir in Oifig Mhala. Labhair Paul thar ceann fhoireann Oifig Mhala agus ghuigh sé sláinte agus gach rath ar Michael agus ar a bhean Mary sna blianta fada atá rompu. "Tá súil agam go leanfaidh bhur mbád ag seoladh léi isteach i luí órga gréine."

## Téann Ned Monaghan ar scor ó Theach Cúirte na hInse

Bhí daoine ón Clare Champion ag Teach Cúirte na hInse le déanaí chun grianghraf a thógáil den Oifigeach Seirbhíse, Ned Monahan, agus na moltaí a thaifead a thug Cláraitheoir an Chontae, Patrick Wallace, agus Cléireach na Cúirte Dúiche, Josephine Tone, dó agus é ag dul ar scor. Dúirt siad araon go n-aireoidís uathu an scil a bhí aige ag déileáil le daoine, an greann tur a bhí ann agus an chaoi a bhféadfadh sé glacadh go réidh le rudaí. Tar éis dó blianta a chaitheamh mar chócaire ar línéirí, agus tar éis dó 14 bliana a chaitheamh ag obair le bácús teaghlaigh, chaith Ned roinnt ama sa Libia agus an Araib Shádach mar chócaire. Ghlac sé post mar oifigeach seirbhíse in Inis i 2000. Ba é a dúirt sé faoin bpost sin ná gurb é sin an post ba lú struis agus an ceann ba mhó a thaitin leis riamh. Ba déileáil le daoine an ghné den jab ba mhó a thaitin le Ned. Bhain Ned taitneamh as a chuid oibre go léir, ba chuma an mbíodh sé ag obair le breithiúna, le haturnaetha nó leis an bhfoireann nó ag iarraidh teaghlaigh nó daoine ar rolla an ghiúiré a chur ar a suaimhneas. Guímid gach rath air agus é ar scor ag caitheamh a chuid ama lena theaghlach nó amuigh cois locha agus aibhneacha Chontae an Chláir agus a cheamara agus a shlat iascaigh aige.



*Ned Monahan agus é ag machnamh ar an saol atá roimhe agus é ar scor*

# CORCAÍOCH MÓR AR SCOR


*Finbarr Bracken (i lár na líne tosaigh) le comhghleacaithe*

Bhailigh comhghleacaithe, cairde agus breithiúna ag Cúirt Dúiche Chorcaí le slán a fhágáil le Finbarr Bracken, Príomhchléireach, Cúirt Dúiche Chorcaí. Thagair na Breithiúna Uinsin MacGruairc, Constantine O'Leary agus David Riordan don taithí iontach a bhí ag Finbarr agus don eolas a bhí aige ar gach gné de chleachtais agus de nósanna imeachta na Cúirte Dúiche, agus ghabh siad buíochas leis as an gcabhair a thug sé dóibh agus a chúirtéisí is a bhí sé leo i gcaitheamh na mblianta. Labhair Frank Buttimer thar ceann na gcleachtóirí dlí agus labhair an Cigire Colm O'Sullivan thar ceann an Gharda Síochána agus mhol siad an comhoibriú iontach a rinne Finbarr lena mbaill le deimhin a dhéanamh de go bhfeidhmeodh na Cúirteanna Dúiche go réidh i gCorcaigh. Don chéad uair riamh i gCúirt Dúiche Chorcaí, tugadh cuireadh do Finbarr labhairt ó bhinse an Bhreithimh agus shuigh na breithiúna ag ionad an chláraitheora. Dúirt Finbarr go raibh an-luí aige leis an gCúirt Dúiche agus luaigh sé go ceanúil na daoine go léir ar bhuail sé leo le linn dó a bheith sa phost. Ghabh sé buíochas leo siúd go léir ar oibrigh sé leo i gcaitheamh na mblianta agus leo siúd go léir a ghuigh gach rath air. Tháinig an fhoireann le chéile sa Market Bar áit ar labhair Bainisteoir Réigiúin an Deiscirt, Eamonn Kiely, thar ceann na Seirbhíse Cúirteanna agus Bertie Donovan thar ceann na foirne agus Patrick Mullins thar ceann Dlíchumann an Deiscirt. Tugadh cuimhneacháin do Finbarr a chuirfeadh an t-am a chaith sé sa Chúirt Dúiche i gcuimhne dó. Thug Siobhan Sheil ó Chúirt Dúiche Chorcaí bláthanna do bhean Finbarr, Jane. Bhí seisiún an-taitneamhach ann ina dhiaidh sin agus chan Finbarr 'The West Clare Railway' le Percy French (Are ya right there Michael, are ya right) ina sheanstíl féin mar a chan go minic roimhe sin. Thosaigh Michael amach ar a ghairm beatha sa Chúirt Dúiche i Loch Garman agus chaith sé tréimhse i Mala, i mBaile Dhún na nGall agus i gCloich na Coillte agus d'fhill sé ar an bhfíor-Ardchathair nuair a rinneadh Príomhchléireach ar Chúirt Dúiche Chorcaí de i 1990 i dTeach Cúirte Shráid Washington. Aistríodh an Chúirt Dúiche i 1994 go dtí an t-ionad atá aici faoi láthair i Sráid Anglesea, agus d'fhoilsigh Finbarr leabhar 'A Farewell to Washington Street' mar chomóradh ar an ócáid. Tá a lán rudaí greannmhara ann a scríobh na breithiúna, foireann na cúirte, aturnaetha agus úsáideoirí eile na cúirte. Ba 'reibiliúnach' go smior é Finbarr agus chuir sé an-spéis i rudaí a bhain le Corcaigh agus bhí an-eolas aige ar stair an cheantair. Níl drogall ar bith air dul thar teorainneacha an chontae isteach i Ríocht Chiarraí áit a bhfuil 'tigín' aige i mBaile an Sceilg agus tá sé féin agus Jane ina mbaill de Chlub Gailf an Choireáin. Galfaire cumasach é agus ó bheidh mórchuid ama le spáráil aige anois níl amhras ar bith ná go laghdóidh na ciseanna. Guímid sláinte agus fadsaol ar scor ar Finbarr agus gach sonas air féin, ar Jane agus ar a gclann amach anseo.

## Slua mór i láthair agus Ann Price ag imeacht



Bhí slua mór i láthair sa Court Hotel i dTulach Mhór le déanaí nuair a d'fhág a comhghleacaithe slán leis an mBainisteoir Réigiúnach Lár Tíre, Ann Price, a d'fhág an tSeirbhís Chúirteanna tar éis 18 mbliana le post a ghlacadh leis an Roinn Cosanta. Thréaslaigh Brendan McDonald léi thar ceann na mBainisteoirí Réigiúnacha as an méid a rinne Audrey Cadden thar ceann na Cúirte Dúiche, Verona Lambe, Cláraitheoir an Chontae, thar ceann na Cúirte Cuarda agus Bridie Murtagh thar ceann na hOifige Réigiúnaí Lár Tíre. Ghabh Ann buíochas leis an bhfoireann go léir ar oibrigh sí leo sna réimsí éagsúla den tSeirbhís Chúirteanna le 18 mbliana anuas agus gheall go bhfanfadh sí i dteagmháil leo. Guímid gach rath ar Ann ina post nua.

# Dúshlán Route 66



Pictiúr a tógadh ar Ché Santa Monica, Los Angeles ar 8 Deireadh Fómhair 2008 nuair a chríochnaíodar dúshlán gluaisrothair Route 66 ar mhaithe le hOspidéal na Leanaí, Sráid Temple, Baile Átha Cliath. Ó chlé go deas: Tom Browne, Príomhchléireach, An Chúirt Dúiche, Mainistir Fhear Maí, Shay Kirk, Príomhoifigeach, Eastáit agus Foirgnimh, Teach an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath agus Fintan Murphy, Cláraitheoir an Chontae, Maigh Eo. Tosaíonn Route 66 san áit a thrasnaíonn Adams Street agus Michigan Avenue a chéile in gnócheantar Chicago agus síneann sé 2,448 míle trí stáit Illinois, Missouri, Kansas, Oklahoma, Texas, New Mexico, Arizona agus California go dtí go sroicheann sé Cé Santa Monica i Los Angeles. Ghlac beirt tiománaí gluaisrothair is seachtó páirt sa dúshlán seo a mhair ocht lá agus d'éirigh leo breis agus €750,000 a bhailiú le haghaidh na cúise rí-fhiúntaí seo.

# Cumann Gailf na Seirbhíse Cúirteanna

Bhuaigh Paddy Maher comórtas deireanach na bliana reatha - Duais an Chaptaein John Coyle i gClub Gailf Turvey (Domhnach Bat) i mí Mheán Fómhair. Is é seo a leanas liosta iomlán na mbuaiteoirí:

| | | |
|---|---|---|
| Duais an Chaptaein - | Paddy Maher | 39 pointe |
| | Declan Power | 34 pointe (siar 9 bpointe) |
| | Matt Cahill | 34 pointe |
| | Jack Purcell | 32 pointe (siar 9 bpointe) |
| | Noel Chambers | 32 pointe |
| Rang 1 | Pat Fitzgerald | 32 pointe |
| | Brendan Ryan | 31 pointe |
| | Michael Bolton | 29 pointe |
| Rang 2 | Moling Ryan | 31 pointe (siar 9 bpointe) |
| | Frank Lyons | 31 Pointe (siar 9 bpointe) |
| | Diarmuid MacDiarmada | 31 pointe |
| Rang 3 | Ciaran Caverly | 32 pointe |
| | John O'Neill | 31 pointe |
| | Jim Aherne | 27 pointe |

Tá an Cumann Gailf oscailte do bhaill uile na Seirbhíse Cúirteanna bíodh siad ag obair nó ar scor. Bíonn thart faoi 4 chomórtas acu in aghaidh na bliana agus imríonn siad in áiteanna eile seachas i gceantar Bhaile Átha Cliath. Tá gach caighdeán galfaire sa chumann agus mura n-imríonn tú ach cúpla uair sa bhliain nó má tá tú chomh maith le Padraig Harrington beidh fáilte is fiche romhat. Beidh sonraí faoi chomórtais na bliana seo chugainn le fáil in eagráin éagsúla de Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna amach anseo. Téigh i dteagmháil le Declan Power in Oifig Dlí Teaghlaigh Chuarda Bhaile Átha Cliath ag 8886765 nó le teachtaireacht ríomhphoist chuig declanppower@courts.ie. más mian leat bheith sa Chumann.



COURTS SERVICE
An tSeirbhís Chúirteanna

COURTS
Service News
NUACHT NA SEIRBHÍSE CÚIRTEANNA

Ar fáil go leictreonach anois

Abair linn, le do thoil, más fearr leat do chóip de Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna a fháil mar ríomhphost seachas mar chruachóip.

Seol ríomhphost chuig CourtsServiceNews@courts.ie

Cuirfimid thú ar ár liosta poist le haghaidh gach eagrán amach anseo. Is féidir gach eagrán a fháil ar ár láithreán gréasáin ag www.courts.ie

# Tabhair leabhar mar bhronntanas AN NOLLAIG SEO

Ní bhíonn aon ghanntanas leabhar ann nuair a bhíonn séasúr na mbronntanas Nollag ag teannadh linn ach cad ba chóir a cheannach? Is beag am atá fágtha, tá rogha mór ann agus tá roinnt moltaí spéisiúla ag ár léirmheastóirí **Gerry Curran** agus Noel A. Doherty. Ceannaigh leabhar breá do dhuine éigin, nó níos fearr fós, ceannaigh féirín duit féin i gcomhair na féile.

## Creating Ireland

(Hachette Books Ireland, €26.99)




Is leabhar é *Creating Ireland* le Paul Daly atá ag impí ort go gcuirfeá faoi do Chrann Nollag é nó ina luí ar bhord caife i dteach ar bith. Leabhar mór tarraingteach é seo a thugann súil siar ar stair na hÉireann. Breathnaíonn sé ar 90 bliain de Dháil Éireann agus athchruthaíonn sé na focail agus na himeachtaí a mhúnlaigh an náisiún. Ní hamháin gur leabhar tarraingteach le clúdach crua é seo ach tugann sé stair, króineolaíocht, nuacht, tráchtaireacht, sleachta as aithisc agus taifid i bhfoirm ghrianghraf dúinn ar nócha bliain dár ndaonlathas náisiúnta parlaiminte. Stórchiste is ea *Creating Ireland* de radhairc a bhaineann lenár bhforbairt mar náisiúnstát, agus cuireann sé amlíne ar fáil go cliste dúinn a nascann é le himeachtaí móra an domhain agus imeachtaí áitiúla na bliana sin trí nótaí ar imill gach leathanaigh. Cé go bhfuil an leabhar domhain go leor go bhféadfadh aon mhac léinn staire, polaitíochta nó córas polaitíochta leas a bhaint as, mar sin féin d'éirigh le Paul Daly dealramh chomh soléite spéisiúil a chur air go bhféadfadh an gnáthléitheoir tréimhse a chaitheamh ag léamh giotaí as ó am go chéile. Ba chóir é a chur i dtaisce ar seilf in aice láimhe chun aon cheist a réiteach faoi cé a dúirt é seo sa Dáil, nó cathain a dúradh é, nó cé faoina dúradh é. Tugann an leabhar cuntas ar an gcaoi a raibh chéad philéir Chogadh na Saoirse á scaoileadh nuair a bhí na daoine sin ar tugadh cumhacht dóibh in olltoghchán na bliana 1918 ag tabhairt droim láimhe do Westminster agus gur bhunaigh siad tionól na hÉireann - Dáil Éireann. Ón am sin beagnach 90 bliain ó shin nuair a bhí a chéad thionól aige ar 21 Eanáir 1919 bhí an Dáil i gcroílár shaol na hÉireann ag múnlú fáis an náisiúin, agus is inti a bhí a lán de na díospóireachtaí móra sin a thug sainmhíniú ar shochaí na tíre agus an chiall a bhaineann le bheith in do Éireannach. Ba in Eanáir 1922 a críochnaíodh an díospóireacht a bhí ar siúl ar feadh míosa inti faoin gConradh Angla-Éireannach agus chruthaigh sé sin córas na bpáirtithe atá againn inniu. Bhí díospóireachtaí ann faoi neodracht, chinsireacht, Thuaisceart Éireann, ghinmhilleadh agus cholscaradh agus faoi na forbairtí móra sóisialta agus eacnamaíochta a tharla le déanaí. Tugann na rudaí a tharlaíonn i seomra na Dála léargas ar cé muidne, cé a mheasaimid muid féin a bheith agus an chaoi a d'fhéadfaimis a bheith nó ar chóir dúinn a bheith. Cíorann *Creating Ireland* saol na hÉireann idir pholaiteoirí agus daoine agus léiríonn sé an chaoi ar fhásamar ó bheith inár stát úrnua go dtí an áit a bhfuilimid inniu inár stát calma Eorpach.

Gerry Curran

## Great Irish Lives

(eag. Charles Lysaght; Times Books, £12.99)

Cnuasach an spéisiúil, agus fiú siamsúil, é seo de bheagnach céad




scéal báis a théann siar beagnach dhá chéad bliain agus a roghnaíodh ó chartlann *The London Times*. Tosaíonn sé le Henry Grattan a fuair bás i 1820 agus críochnaíonn sé le scéal báis an iriseora agus an chraoltóra Nuala O'Faoláin a fuair bás i mí na Bealtaine seo caite, agus idir eatarthu tá scéalta báis faoi réimse leathan daoine a bhí ag plé le cúrsaí polaitíochta, acadúla agus spóirt, nó leis na healaíona, le heolaíocht nó le hiriseoireacht. Deir an t-eagarthóir Charles Lysaght ina réamhrá go ndearna sé iarracht, agus é i mbun roghnaithe, cothromaíocht a fháil idir spéis an ábhair agus cáilíocht an scéala báis féin. Ar an ábhar sin roghnaigh sé daoine mór le rá mar Dónall Ó Conaill, Charles Stewart Parnell, Éamon de Valera, William Butler Yeats, agus James Joyce. Tá píosaí sa leabhar faoi dhaoine nach bhfuil an oiread sin cuimhne orthu nó an oiread sin eolais ag daoine fúthu, daoine mar Ardeaspag conspóideach Bhaile Átha Cliath, an Cairdinéal Paul Cullen, na scríbhneoirí Maria Edgeworth agus Kate O'Brien, iriseoir cogaidh the Times, William Howard Russell, agus an t-amhránaí ceoldráma Margaret Burke Sheridan, agus i measc daoine na linne seo tá John B. Keane, Maureen Potter, Dermot Morgan agus George Best. Tá scéalta báis a bhaineann le lucht dlí, ceann faoi iarbhreitheamh na Cúirte Uachtaraí, an Breitheamh Brian Walsh agus ceann eile faoi John A. Costello a bhí ina abhcóide sinsir agus ina Thaoiseach.

**Noel A. Doherty**

## A Fine Statement; An Irish Poets' Anthology

(eagarthóir: John McDonagh; Poolbeg Press, €22.99)

Leabhar d'fhilíocht na hÉireann é seo atá curtha i láthair go slachtmhar agus clúdach álainn air. Iarradh ar scór file Éireannach an cúig dhán ab fhearr leo féin a roghnú le cur sa díolaim seo agus réamhrá beag a thabhairt mar mhíniú ar an rogha sin. Is iad seo a leanas na filí atá ann: Eavan Boland, Pat Boran, Ciaran Carson, Theo Dorgan, Paul Durcan, Peter Fallon, Kerry Hardie, Seamus Heaney, Rita Ann Higgins, Brendan Kennelly, Michael Longley, Derek Mahon, Medbh McGuckian, Paula Meehan, John Montague, Sinead Morrissey, Nuala Ní Dhomhnaill, Bernard O'Donoghue, Cathal Ó Searcaigh agus Michael Ó Siadhail. Tá aistriúcháin Bhéarla ar na dánta Gaeilge agus ba iad na filí féin nó duine dá gcomhfhilí a d'aistrigh iad. Tá cuntas spéisiúil ag an eagarthóir an Dr John McDonagh sa leabhar ina ndéanann sé plé ar na dánta a roghnaíodh agus ar a dtéamaí.

**Coirscéalta ficsin**

Maidir leo siúd atá ag fulaingt airí éirí as ó chuaigh D.I. Rebus ar scor ní hé deireadh an tsaoil é. Má tá bleachtaire gruama achrannach uait a bhfuil caidreamh achrannach aige lena iar-bhean chéile (is fuath léi é) agus caidreamh aige lena leanaí nach bhfuil thar mholadh beirte, ní gá duit dul níos faide ná an Bleachtaire Erlunder atá mar phríomhcharactar i sraith coirscéalta atá cruthaithe ag an scríbhneoir Íoslannach Arnaldur Indridason. Tá siad suite i gcathair Réicivíc agus tá aistriúcháin le fáil ar thrí cinn de na húrscéalta ar a laghad. *Tainted Blood* (a ndearnadh scannán de níos luaithe sa bhliain agus a heisíodh faoin teideal *Jar City*), *Silence of the Grave* agus *Voices*. Vintage a d'fhoilsigh iad go léir agus is féidir iad a fháil i gclúdach bog. Mar fhocal scoir is fiú cuimhneamh ar bhriathra an fhealsaimh mhóir sin Groucho Marx "outside of a dog, a book is a man's best friend. Inside of a dog, it's too dark to read".

**Noel A. Doherty**





## As an oifig le ............

# George Hanlon

**Cathain a thosaigh tú ag cur spéise sa choiméide?**
Bhí spéis agam i gcónaí i gcúrsaí coiméide agus bhí mé ag iarraidh seó grinn ar mo bhoinn a thriail, ach ní raibh sé de mhisneach agam m'ábhar féin a úsáid agus mar sin chaith mé mo chuid ama ag scríobh sceitsí agus ailt ghrinn d'fhoilseachán áitiúil.

**Cathain ar thosaigh tú ag déanamh seónna grinn ar do bhoinn?**
D'iarr mo chara agus mo chomhfhuirseoir, Keith Anderson, orm i mBealtaine 2007 seit gearr a dhéanamh ag an Neptune Comedy Club. Dúirt mé go ndéanfainn ach rinne mé iarracht an lá arna mhárach tarraingt siar as ach ní raibh Keith sásta leis sin agus mar sin i Meitheamh na bliana 2007 bhí mo chéad seó coiméide agam.

**Cá mbíonn do sheónna agat?**
Tá bliain go leith caite agus bíonn seónna rialta agam anois i mBaile Átha Cliath agus in áiteanna mar Lú, Corcaigh, an Mhí, Gaillimh, an Iarmhí agus Cill Chainnigh. Bím i mo aoi go rialta sa 'Tap Me Up Comedy Club', atá bunaithe i dteach tábhairne an Tap i Sráid an Rí Thuaidh i mBaile Átha Cliath 7 gach Déardaoin in éineacht leis an bhfuirseoir Meiriceánach Eric Shantz.

**Cad é an rud is mó a thaitníonn leat faoi?**
Is breá liom an bús a bhaineann le bheith ar stáitse agus a bheith ag idirghníomhú le lucht fhéachana beo, agus gur féidir seó iomlán 20 nóiméad a dhéanamh as trí fhocal bheaga ag an tús. Bíodh is gur breá liom ábhar a scríobh ní féidir comparáid dá laghad a dhéanamh idir é a léamh sa nuachtán áitiúil agus é a chur i láthair os comhair lucht féachana.

**Ar bhuail tú le haon fhuirseoir mór le rá (seachas tú féin, dar ndóigh)?**
Bhí sé d'ádh orm a bheith ar stáitse le daoine mar Damian Clark agus Andrew Stanley, a bhfuil cáil air de bharr 'I Dare Ya', le Paddy Courtney ó 'Paddywhackery' TG4 agus fiú leis an bhfear iontach sin Ardal O'Hanlon. Bhí seónna agam le cuid de na fuirseoirí a mbeidh clú agus cáil orthu i rith 2009, agus ina measc, Robbie Bonham agus Eric Lawlor (anseo a chuala tú ar dtús é!).

**Cad é an seó ab' iontaí a bhí agat, meas tú?**
An chéad uair ar ghlac mé páirt i bhFéile the Kilkenny Cat Laughs in 2008, an seó 24 uair an chloig le haghaidh 'People in Need' in amharclann an Tivoli i mBaile Átha Cliath agus an chéad uair a raibh mé i m'aoi ag 'Tap Me Up'.

**Cad iad na pleananna atá agat?**
Tá súil agam dul go Féile the Cat Laughs in 2009 agus dul ar stáitse don chéad uair ag Féile Imeallach Dhún Éideann a bhfuil clú agus cáil uirthi. Ba bhreá liom dul chuig ionaid nua i gcontaetha eile agus lucht féachana nua a mhealladh. Leanfaidh mé orm ag scríobh agus thar aon rud eile tá súil agam go mbainfidh mé an oiread suilt as is a bhain mé as go dtí seo.

*Féach ar www.myspace.com/geoshow agus www.myspace.com/tapmeupcomedy chun tuilleadh eolais a fháil*
*Oibríonn George Hanlon sa Chúirt Chuarda.*

## Oideas i gcomhair Scailtín Fíona

**Buidéal 75 cl d'fhíon dearg**
300 ml (1/2 phionta) uisce
300 ml (1/2 phionta) sú oráiste
Lán 3 spúnóg boird de shiúcra mionaithe
1 Máilín de Spíosraí Scailtín Fíona
150 ml (1/4 de phionta) branda
1 Oráiste, gearrtha ina shlisíní
1 Úll, gearrtha i slisíní
**Ullmhúchán**
**1** Cuir an fíon, an t-uisce, an sú oráiste, an siúcra agus an Máilín de Spíosraí Scailtín Fíona i sáspan mór.
**2** Téigh an t-iomlán go dtí go mbíonn siad beagnach ar fiuchadh agus coinnigh mar sin iad ar feadh 10 nóiméad. Measc an t-iomlán anois is arís.
**3** Tóg amach an máilín. Cuir an branda agus na torthaí isteach agus measc iad.
**Am Ullmhúcháin agus Cócaireachta:** 15 Beidh dóthain ann do: 6-8

## Oideas i gcomhair Pióg Mionra:

**Na Comhábhair**
Taosrán:
225 g (8 n-unsa) de ghnáthphlúr
175 g (6 unsa) ime
75 g (3 unsa) de shiúcra mionaithe
1 Ubh meánmhéide, scartha
Uisce fuar i gcomhair meascatha
**An tÁbhar Líonta:**
225 g (8 n-unsa) de thorthaí mionaithe
1 taespúnóg de Spíosraí Measctha
**Ullmhúchán**
**1** Téigh an oigheann roimh ré go 200°C, 400°F, nó Gás Marc 6.
**2** Criathraigh an plúr isteach i mbabhla. Cuimil isteach an t-im go mbíonn an meascán cosúil le grabhóga míne; Cuir isteach 50g (2 unsa) den siúcra, buíocán na huibhe agus dóthain uisce fuar chun taos a dhéanamh de. Roll an taos go mbíonn tiús 0.5cm (1/4'') agat. Gearr ciorcal 6.5cm (2 1/2'') amach le haghaidh 20 stán gréiscithe pióigíní. Gearr 20 ciorcal níos lú le cur mar chlaibíní orthu.
**3** Measc na torthaí mionaithe agus na Spíosraí Measctha le chéile. Líon gach cás taosráin le torthaí mionaithe. Taisrigh imill na gclaibíní le huisce agus cuir os cionn na dtorthaí mionaithe iad. Séalaigh na himill. Cuir scian ghéar tríd an lár. Scuab gealacán buailte ar na claibíní agus croith an méid siúcra atá fágtha anuas orthu.
**4** Bácáil na pióga san oigheann ar feadh 10-15 nóiméad. Seirbheáil te iad le huachtar coipthe nó le him branda orthu. Is féidir na pióga a choinneáil reoite ar feadh tréimhse suas go dtí 6 mhí. Coscair iad ag teocht an tseomra.
**Am Ullmhúcháin agus Cócaireachta:** 30 Beidh dóthain ann do: 20

# Tráth na gCeist na Nollag

Bíonn daoine an-ghnóthach le linn na Nollag. Bíonn neart rudaí le glanadh - bíonn an simléar le glanadh, an turcaí le glanadh, agus an rud is measa ar fad, bíonn an cuntas bainc le glanadh amach. Obair gan stad gan staonadh atá ann. Tá an Tráth na gCeist seo á chur ar fáil duit chun go mbeidh leithscéal dlisteanach agat suí siar sa chathaoir is fearr leat agus féachaint ar an Teilifíseán nuair atá an chraiceáil ar fad thart. Beidh tú ag tosú ar an dara babhta de cheapairí turcaí agus ag faire ar an dara babhta de chláir agus de scannáin agus b'fhéidir go gcabhróidh siad leat teacht ar fhreagraí thráth na gceist.

1. Ainmnigh an chéad chartún le Disney a taispeánadh i 1937
2. Nasc na carachtair ghrinn seo a leanas lena sraitheanna teilifíse éagsúla
   - Hyacinth
   - Rodney
   - Marina
3. Cad é an rud neamhchoitianta a bhain leis na gunnaí sa scannán Bugsy Malone i 1976?
4. Cén t-ainm baiste atá ar Boycie?
5. Ainmnigh an t-amhrán a bhuaigh duais Oscar don scannán The Wizard of Oz
6. Ainmnigh an t-aisteoir ón tsraith Teilifíse Dallas a bhí ina réalta i Seven Brides for Seven Brothers.
7. Ainmnigh athair Angelina Jolie a bhí mar athair aici sa scannán Lara Croft:Tomb Raider
8. Ainmnigh an carachtar ar ghlac Christopher Lee a pháirt sa scannán Man with the Golden Gun
9. Bhí an-tóir ar an tsraith MASH a bhí suite le linn cogadh na Cóiré - cad is brí leis na litreacha MASH?
10. Ainmnigh na táirgí lena mbaineann na manaí fógraíochta teilifíse seo a leanas:
    - And all because the lady loves
    - For men who don't have to try too hard
    - Bet you can't eat three

**Seol do chuid freagraí, le do thoil, chuig Fiona Farrell, An Oifig Faisnéise, An 6ú hUrlár, Teach an Fhionnuisce, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7 nó i ríomhphost chuig courtsservicenews@courts.ie**



Alice White a bhuaigh Tráth na gCeist mhí Iúil agus a duais á bhronnadh uirthi ag John Quirke ó Oifig Faisnéise na Seirbhíse Cúirteanna.

**Ba iad seo a leanas freagraí thráth na gceist mhí Dheireadh Fómhair:**

1. Always On My Mind – Willie Nelson/Elvis Presley
2. Poison Arrow – ABC
3. Dancing Queen – ABBA
4. Take it Easy – The Eagles
5. Living Thing – The Beautiful South/ELO
6. Search for a Hero – Heather Small/M People
7. If you tolerate this your child will be next – Manic Street Preachers
8. Mercy – Duffy

*Ár míle buíochas leo siúd go léir a ghlac páirt agus ár gcomhghairdeas le Miriam Stack ó Oifig Réigiúnach an Deiscirt a bhuaigh Tráth na gCeist mhí Dheireadh Fómhair.*
*Bronnfar a duais ar Miriam sna seachtainí atá romhainn.*



Daltaí ó Mheánscoil Naomh Rafael, Stigh Lorgan agus ó Choláiste Loreto, Sord nuair a thug siad cuairt ar na Ceithre Cúirteanna

# Tríd an lionsa



Comhghairdeas le Elaine Jones, Cúirt Chuarda Phort Láirge ar ócáid a pósta le Finbarr Harold



Baill de bhreithiúna Cheanada le linn léirithe a thug an Stiúrthóireacht um Athchóiriú agus Forbairt



An chéad shraith de dhaoine nua ag teacht chun na Seirbhíse Cúirteanna in 2008, sa líne ar cúl, Myles Reidy, Mary Gill, Brenda Casey, Marie Coady. An Líne Thosaigh, Andrejs Rudaks, Bernadette Hobbs, Lillian Meade, Ann-Marie Dwyer



Darach Green, Stiúrthóireacht TFC - aghaidh i measc an tslua agus Droichead Átha Aontaithe ag imirt i sraithchomórtas na seaimpíní.